# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2016
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# ARDLEIBHÉAL

# Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta
# le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil agus **bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.**

- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.

- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh sé, mar sin, go n-athródh na riachtanais ó bhliain go bliain.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.


- Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chuir chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | **Pointí le tabhairt faoi deara** | **2** |
| | **Roinn A** | **3 - 8** |
| | **Roinn B** | |
| **1** | **Soláthar / Leaisteachas / An chaoi go bhféadfadh ganntanas ticéad a bheith ann** | **9 - 11** |
| **2** | **An tionscal seacláide in AE / An chúis go n-éiríonn le gnólachtaí beaga** | **12 - 15** |
| **3** | **Téarmaí / an Margadh Saothair / Cúiseanna le difríochtaí pá** | **16 - 19** |
| **4** | **Tréimhsí táirgeachta / Ioncam agus costais imeallacha / Iomaíochas** | **20 - 23** |
| **5** | **Lánfhostaíocht / Ioncam Náisiúnta / Tionchar ar OTI** | **24 - 26** |
| **6** | **Rátaí malairte / Comhardú na nÍocaíochtaí / Gnólachtaí Bheaga v Gnólachtaí Móra** | **27- 31** |
| **7** | **Téarmaí / Éagothroime in Éirinn / Conas an timpeallacht a chosaint** | **32 - 35** |
| **8** | **Feidhmíocht gheilleagrach / Laghdú fiachais / Daonra uirbithe na hÉireann** | **36 - 39** |

# ROINN A (100 marc)

**1.** Taispeánann an léaráid thíos gnólacht atá ag feidhmiú faoi choinníollacha na **hiomaíochta foirfe** sa ghearrthréimhse. **(16 mharc)**




(a) Cad dó a seasann na línte atá uimhrithe ó 1 go 3?
Bain úsáid as an mbosca freagraí atá curtha ar fáil.

| Uimhir | Ainm |
|---|---|
| 1 | Costas imeallach |
| 2 | Meánchostais |
| 3 | Meánioncam / Ioncam Imeallach / Éileamh |

**3 líne lipéadaithe i gceart × 3 mharc an ceann = 9 marc**

(b) (i) Taispeáin brabús osnormálta iomlán an ghnólachta go soiléir ar an léaráid. **An tAchar scáthaithe thuas**

**3 mharc**

(ii) Mínigh an téarma **brabús osnormálta:**

Aon bhrabús a thuilltear os cionn an bhrabúis normálta (cuid den AC) (Eascraíonn sé nuair a bhíonn AR níos mó ná AC).

**4 mharc**

**2.** Sainmhínigh **Dlí an Toraidh Imeallaigh Laghdaithigh** agus léirigh é seo le sampla oiriúnach. **(16 mharc)**

Sainmhíniú: Luaitear i nDlí an Toraidh Laghdaithigh

gurb amhlaidh, má bhíonn cainníochtaí méadaitheacha de thoisc inathraitheach táirgeachta ag gabháil le cainníocht thugtha de thoisc sheasta táirgeachta, go sroichfear céim ar deireadh ina dtiocfaidh laghdú ar an méid a chuirtear leis an aschur iomlán (fáltais imeallacha / aschur in aghaidh an aonaid na toisce inathraithí.)

**10 marc**

**Sampla oiriúnach ar bith a mhínítear: 6 mharc**

**3.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhféadfadh rialtas na hÉireann feabhas a chur ar shoghluaisteacht an lucht saothair chun an dífhostaíocht a laghdú. **(16 mharc)**

**Soghluaisteacht an lucht saothair**

- Cláir athoiliúna a chur ar fáil ionas gur féidir le hoibrithe na scileanna a fháil a theastaíonn le bogadh chuig earnálacha éagsúla.
- Dlíthe a thabhairt isteach a chuireann cosc ar chleachtais srianta ghairmiúla agus cheardchumainn a d'fhéadfadh oibrithe a stopadh ó bhogadh idir poist / a cheadódh earcú agus scaoileadh go héasca.
- D'fhéadfadh an Rialtas na rialacháin maidir le ceadanna oibre a athrú – ionas go mbeadh sé níos éasca ceadanna a fháil.
- Cúrsaí a chur ar fáil do dheiseanna breisoideachais ar costais réasúnta.

**Soghluaisteacht i dtaobh áite**

- D'fhéadfadh an Rialtas fóirdheontais a chur ar fáil chun easpa soghluaisteachta i dtaobh áite a shárú chun oibrithe a spreagadh le haistriú go dtí an áit ina bhfuil siad ag teastáil / cuidiú le costas an aistrithe
- Rochtain ar eolas maidir le folúntais.
- Níos mó tithíochta (sóisialta) a chur ar fáil / fóirdheontais a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo cóiríocht a cheannach nó a fháil ar cíos.
- An bonneagar sóisialta a fheabhsú trí cheantair a dhéanamh níos taitneamhaí do theaghlaigh ó thaobh páirceanna, áiseanna fóillíochta, siopaí etc.

**2 × 8 marc an ceann**

**4.** Is féidir le gnólachtaí atá taobh istigh de thionscal na n-aerárthaí sochar a bhaint as barainneachtaí scála. Mínigh an téarma **barainneachtaí scála** agus tabhair sampla **amháin** i gcás gnólachta i dtionscal na n-aerárthaí. **(16 mharc)**

Míniú

Mar gheall orthu seo laghdaítear LRAC (meánchostas san fhadtréimhse) na táirgeachta de réir mar a mhéadaíonn an gnólacht / tionscal méid a oibríochta/ Bealaí inar féidir méadú in aschur nó cumas costais in aghaidh an aonaid / meánchostais a laghdú.

**10 marc**

Roinnt Samplaí:

- **Geilleagair theicniúla** – D'fhéadfadh gnólacht sa tionscal aerárthach / aerlíne seasamh le ceannach aerárthaigh mhóir atá éifeachtach ó thaobh breosla mar gheall gur féidir leis costas an trealaimh sin a scaipeadh thar líon mór paisinéirí.
- **Geilleagair thógála** – Cosnaíonn haingir mhóra níos lú in aghaidh an mhéadair chearnaithe le tógáil ná cinn bheaga / ní mhéadaíonn costais thógála i gcomhréir le méid na gnólachta i.e. ní chosnaíonn sé dhá oiread an méid airgid chun síneadh 20,000 méadar cearnach a thógáil is a chosnaíonn sé 10,000 méadar cearnach a thógáil / Tá costais seasta áirithe sna céimeanna tosaigh e.g. costais suirbhéara etc.
- **Barainneachtaí táirgeachta** – féadfaidh gnólachtaí sa tionscal aerárthach a bheith ag táirgeadh ar bhonn leanúnach.
- **Táirgeacht chomhtháite** – Féadfaidh déantóir aerárthach an costas in aghaidh an aonaid a laghdú trína bheith páirteach i níos mó ná céim amháin den phróiseas táirgeachta.

- **Barainneachtaí ceannacháin** – is iondúil go mbíonn gnólachtaí móra in ann lascainí a fháil mar gheall go gceannaíonn siad i mbulc e.g. fuair Ryanair praghsanna níos fearr nuair a cheannaigh siad a lán aerárthach Boeing.
- **Barainneachtaí airgeadais** – Beidh rochtain ag déantóir mór aerárthach ar raon níos mó roghanna airgeadais ná mar a bheidh ag déantóir beag agus is mó an seans go mbeidh sé in ann iasacht a fháil ag rátaí úis níos ísle.

**Ní mór baint a bheith ag an sampla le tionscal na n-aerárthaí/n-aerlíne: 6 mharc**

**5.** (a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leibhéil arda óg-dhífhostaíochta ar gheilleagar na hÉireann.

(b) Luaigh polasaí eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh an rialtas a thabhairt isteach d'fhonn an óg dhífhostaíocht a laghdú. **(16 mharc)**

(a) Tabhair breac-chuntas ar dhá thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leibhéil arda óg-dhífhostaíochta ar gheilleagar na hÉireann.

- Caiteachas rialtais a mhéadú mar gheall ar chostas méadaithe i ndáil le híocaíochtaí leasa shóisialaigh.
- Laghdú ar ioncam an rialtais mar gheall go bhfuil níos lú ioncaim á fháil ó cháin dhíreach agus indíreach.
- Caillteanas ar an toradh ar infheistíocht san oideachas – toisc nach bhfuil daoine óga dífhostaithe ag cur leis an stát / ó thaobh an airgeadais de, cailleann an stát amach ar infheistíocht na gcáiníocóirí ina gcuid oideachais.
- Eisimirce – daoine ag fágáil na tíre agus saol níos fearr á lorg acu in áiteanna eile / tionchar imirce daoine oilte / tionchar ar shaol tuaithe na hÉireann mar gheall go bhfuil níos lú daoine óga ag fanacht sna pobail tuaithe.
- Níos lú dreasachtaí le haghaidh infheistíochta. Toisc go bhfuil níos lú éilimh ar earraí agus ar sheirbhísí, d'fhéadfadh go mbeadh níos lú spéise ag gnólachtaí in infheistíocht a dhéanamh, rud a mbeadh aschur níos ísle mar thoradh air.
- Níos mó éilimh ar áiteanna tríú leibhéil. Toisc go bhfuil drochionchas fostaíochta ann, d'fhéadfadh daoine óga nach bhfuil oideachas tríú leibhéal orthu a bheith ag iarraidh an deis sin a thapú anois, rud a chuirfeadh brú ar acmhainní na gcoláistí.
- Costais shóisialta/tionchar síceolaíoch. Strus níos mó a mbeidh sláinte níos measa mar thoradh air. D'fhéadfadh go méadóidh coireacht, loitiméireacht agus iompar frithshóisialta i measc daoine óga a bhfuil leadrán orthu agus nach bhfuil aon leas acu sa tsochaí. Breis struis agus meath ar shláinte dá bharr.
- Brú níos mó ar sheirbhísí poiblí – d'fhéadfadh sé gur mó an gá a bhíonn acu siúd atá dífhostaithe le seirbhísí sláinte, etc.

**2 × 5 mharc an ceann (2 + 3)**

(b) Luaigh polasaí eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh an rialtas a thabhairt isteach d'fhonn an óg dhífhostaíocht a laghdú.

- Laghdaigh an t-íosphá d'oibrithe óga, rud a chuideoidh le costais do ghnólachtaí a laghdú agus a d'fhéadfadh iad a spreagadh chun tuilleadh oibrithe a fhostú.
- Feabhsaigh deiseanna oideachais / rochtain / laghdaigh táillí clárúcháin do choláistí agus cinntigh go gcuirtear oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin ar dhaoine i leith scileanna a bhfuil tóir orthu in earnálacha an gheilleagair a bhfuil borradh fúthu.
- Ranníocaíochtaí ÁSPC níos ísle d'oibrithe óga / tabhair fóirdheontais i leith pá do dhaoine óga a fhostófar. D'fhéadfadh an rialtas ÁSPC an fhostóra a laghdú / fóirdheontas a thabhairt dá bpá i gcás na ngnólachtaí sin a ghlacann le hoibrithe breise óga agus a chuireann oiliúint orthu.

- Úsáid beartais chun soghluaisteacht an lucht saothair a spreagadh, lena bhféadfaí a chur ar a gcumas do dhaoine óga obair a dhéanamh in áiteanna eile, a mhéadódh fostaíocht
- Rátaí leasa shóisialaigh a laghdú do dhaoine óga atá dífhostaithe. Mhéadófaí an difreálach idir an ráta leasa shóisialaigh agus an ráta pá agus d'fhéadfadh go spreagfadh sé sin daoine óga chun dul isteach sa mhargadh saothair.
- Athbhreithniú ar scéimeanna intéirneachta lena chinntiú go dtugann scéimeanna nua deiseanna d'oibrithe óga a scileanna a fheabhsú agus cosán a thabhairt dóibh i dtreo fostaíocht fadtéarma inmharthana. Teacht níos fearr a bheith ar scéimeanna printíseachta.
- Laghdaigh aois scoir – dá bharr sin bheadh níos mó post ar fáil do dhaoine óga den lucht saothair.

**Polasaí amháin: 6 mharc**

**6.** Taispeánann an tábla thíos an meánleibhéal bliantúil ioncaim i dtír áirithe agus an t-éileamh comhfhreagrach ar Tháirge A in dhá bhliain ar leith.

| **Bliain** | **Ioncam (€)** | **Táirge A (aonad)** |
|---|---|---|
| Bliain 1 | 57,000 | 100 |
| Bliain 2 | 63,000 | 200 |

(i) Ríomh ioncamleaisteachas an éilimh (YED) ar Tháirge A. **Taispeáin do chuid oibre**.

(ii) Agus úsáid á baint agat as do chuid eolais ar YED, mínigh brí eacnamaíochta an fhigiúir sin a ríomh tú in (i) thuas. **(17 marc)**

(i) Ríomh ioncamleaisteachas an éilimh (YED) ar Tháirge A. **Taispeáin do chuid oibre**.

$$\frac{+100^{1}}{+€6{,}000^{1}} \times^{1} \frac{€57{,}000^{1} + €63{,}000^{1}}{100^{1} + 200^{1}} \quad \frac{(€120{,}000)}{(300)} \quad = \quad +^{1}\, 6.67^{1}$$

**9 marc**

(ii) Agus úsáid á baint agat as do chuid eolais ar YED, mínigh brí eacnamaíochta an fhigiúir sin a ríomh tú in (i) thuas..

| **comhartha +** | **Is gnáthearra é seo** | **4 mharc** |
|---|---|---|
| **6.67** | **Earra sóchais is ea é seo mar go bhfuil an t-earra ioncamleaisteach (>1). Tá an méadú céatadánach sa mhéid a éilítear níos mó ná an méadú céatadánach ar ioncam / De réir mar a mhéadaíonn ioncam, caitheann tomhaltóirí céatadán níos mó ar an earra.** | **4 mharc** |

**7.** Is é príomhchuspóir pholasaí airgeadaíochta BCE (ECB i mBéarla) ná cobhsaíocht praghsanna a choinneáil.

(a) Sainmhínigh an téarma **polasaí airgeadaíochta**.

(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste atá le baint ag geilleagar na hÉireann as cobhsaíocht praghsanna. **(17 marks)**

(a) Sainmhínigh an téarma **polasaí airgeadaíochta**.

Sainmhínítear polasaí airgeadaíochta mar seo a leanas: na gníomhartha sin a dhéanann an Banc Ceannais Eorpach (ECB) a imríonn tionchar ar an **soláthar airgid** $^{3}$, ar **rátaí úis** $^{3}$ nó ar **infhaighteacht creidmheasa** $^{3}$.

**9 marc**

(b) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste atá le baint ag geilleagar na hÉireann as cobhsaíocht praghsanna

- Luach an airgid a chothabháil: Cothaítear an chumhacht ceannacháin atá ag daoine (iad siúd atá ag obair nó atá ar ioncam seasta i.e. pinsinéirí) agus mar thoradh air sin bíonn caighdeán maireachtála níos airde ag daoine.
- Iomaíochas idirnáisiúnta feabhsaithe: Má bhíonn ráta boilscithe tíre níos ísle ná mar atá ag a comhpháirtithe trádála bheadh easpórtálacha níos saoire agus níos iomaíche.
- Éileamh níos mó ó thomhaltóirí: d'fhéadfadh fonn níos mó a bheith ar thomhaltóirí airgead a chaitheamh má bhíonn níos mó fostaíochta agus fás geilleagrach ann.
- Srian pá: Is lú an seans go lorgóidh ceardchumainn arduithe pá chun a mbaill a chúiteamh as praghsanna atá ag ardú mar go bhfuil praghsanna cobhsaí
- D'fhéadfadh an Rialtas ioncam a mhéadú: baileofar níos mó cánacha díreacha agus indíreacha má ardaíonn caiteachas.
- Is mó an seans go ndéanfadh gnólachtaí infheistíocht de bharr costais táirgeachta níos cobhsaí, go háirithe arduithe sa ráta pá.
- D'fhéadfadh coigiltis ardú de bharr cobhsaíocht i dtaobh praghais – mar gur féidir le daoine a gcostais a phleanáil agus cinneadh a dhéanamh tuilleadh airgid a choigilt.

**2 bhuntáiste × 4 mharc an ceann.**

**8.** (a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh éirí dá ngearrfadh rialtas na hÉireann tobhach ar phréimheanna árachais tí d'fhonn déileáil leis an damáiste a rinneadh de dheasca ghéarchéim na dtuilte le deireanas in Éirinn.

(b) Mol modh malartach **amháin** chun déileáil le géarchéim na dtuilte in Éirinn. **(17 marc)**

(a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh éirí dá ngearrfadh rialtas na hÉireann tobhach ar phréimheanna árachais tí.

Tá said seo ar na freagraí a d'fheadfaí a thabhairt:

- Méadú i gcostas árachais, do shealbhóirí tí agus mar thoradh air sin bíonn ioncam indiúscartha níos lú agus bíonn an caighdeán maireachtála níos ísle.
- Leibhéal clúdaigh laghdaithe, d'fhéadfadh teaghlaigh a leibhéal clúdaigh a laghdú nó b'fhéidir nach ndéanfadh roinnt díobh a bpolasaithe árachais a athnuachan. / Tionchar ar ghnó an árachais.
- D'fhéadfadh saoránaigh mothú go ndearnadh éagóir orthu mar go gcreideann siad go bhfuil siad ag íoc cheana féin as bonneagar trí chánachas ginearálta / d'fhéadfaí féachaint air seo mar cháin faoi choim eile de chuid an rialtais.
- Cúiteamh dóibh siúd a ndéantar damáiste dóibh: d'fhéadfadh na cistí a bhailítear cuidiú le cúiteamh a chur ar fáil dóibh siúd ar ghoill na tuilte orthu agus cuidiú leo an damáiste a dheisiú dá réir.

(b) Mol modh malartach **amháin** chun déileáil le géarchéim na dtuilte in Éirinn.

Tá said seo ar na freagraí a d'fheadfaí a thabhairt:

- Infheistíocht de chuid an rialtais i gcosaint tuile níos fearr / cláir bhacainní / cosaintí tuile timpeall na tíre.
- Deontais a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí chun a gcórais chosanta tuile féin a eagrú.
- Ba cheart go mbeadh údaráis áitiúla níos déine agus cead pleanála á dheonú go háirithe ar tuilemhánna.
- Cothabháil leanúnach ar dhraenacha agus lintéir is gá chun uisce a dhraenáil ón talamh.

- Bearta chun an téamh domhanda a laghdú cosúil le cáin/fóirdheontais ar bhreosla iontaise; forbairt agus úsáid fuinnimh in-athnuaite/dreasachtaí cánacha a spreagadh i gcomhair beartas laghdaithe $CO_2$ / athraithe aeráide ginearálta.
- Tabhairt faoi thaighde maidir le tionchar tuilte a chosc nó a laghdú agus plean fadtéarma a fhorfheidhmiú.
- Táillí níos airde a chur i bhfeidhm orthu siúd a chónaíonn i dtuilemhánna / costais a ghearradh ar theaghlaigh i dtuilemhánna a chuirfeadh ioncam ar fáil le cuidiú le cosaint tuile / draenáil.

**7 marc (4+3) + 5 mharc (3+2) + 5 mharc (3+2)**

**(an 1ú freagra ceart 7 marc)**

**9.** "Ardaíodh an t-íosphá náisiúnta 50 cent go dtí €9.15, le súil gurbh fhiú an pá an obair."

(Foinse: Irish Independent, Deireadh Fómhair 2015)

Tabhair breac-chuntas ar thrí iarmhairt eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an mbeart seo do gheilleagar na hÉireann. **(17 marc)**

**Iarmhairtí dearfacha:**

- Caighdeán níos airde maireachtála do theaghlaigh ar ioncam íseal/féadfar níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach bunaithe ar a leibhéal ioncaim féin.
- Feabhsaíonn sé dreasachtaí chun oibre trína chinntiú go bhfuil luach saothar le fáil ar an obair, rud a spreagann soláthar saothair níos mó.
- D'fhéadfaí dul i ngleic le fadhb na dífhostaíochta deonaí trí dhreasacht chun oibre a chur ar fáil seachas a bheith dífhostaithe.
- Maolaíonn sé an bhochtaineacht: trí chaighdeáin mhaireachtála a ardú do na grúpaí is boichte sa tsochaí agus iad siúd ar ioncam íseal.
- D'fhéadfadh oibrithe a bheith níos táirgiúla de réir mar a fheabhsaíonn meanma i measc an fhórsa saothair.
- Méadú in ioncam cánach don rialtas má bhíonn níos mó daoine ag obair agus má mhéadaíonn caiteachas ar earraí agus seirbhísí.
- Cosnaíonn íosphá oibrithe in aghaidh dúshaothraithe.
- Méadú ar an éileamh comhiomlán de bharr méadú ar an gcaiteachas sa gheilleagar.

**Iarmhairtí diúltacha:**

- D'fhéadfadh praghas earraí ardú de réir mar a mhéadaíonn costais ionchuir, rud a íslíonn iomaíochas gnólachtaí na hÉireann / Má ardaíonn praghsanna dá bharr tarlóidh boilsciú faoi bhrú costas.
- D'fhéadfadh gnólachtaí iarracht a dhéanamh costais a choinneáil síos seachas an costas ardaithe a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir trí ghearradh siar ar chostais cosúil le hoiliúint ar an bpost etc.
- Níos mó dífhostaíochta. Tá saothar níos costasaí dá bhrí sin níl an oiread tóir air.
- Mar thoradh ar mhéadú ar chostas i seirbhísí dlúthshaothair cosúil le beáir/bialanna etc. d'fhéadfaí gnólachta beaga a dhúnadh.
- Baol níos mó go bhféadfaí cuideachtaí a athlonnú. D'fhéadfadh leibhéil phá na hÉireann anois a bheith níos airde ná leibhéil i dtíortha eile agus dá bhrí sin d'fhéadfadh cuideachta smaoineamh ar athlonnú nó bunú taobh amuigh d'Éirinn má bhíonn pá níos ísle in áiteanna eile.
- B'fhéidir nach n-imreofaí aon tionchar suntasach ar bhochtaineacht. Is iondúil nach féidir leis na daoine is boichte sa tsochaí dul ag obair (daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas).

**Trí iarmhairt ar bith: 7marc(4+3) + 5mharc(3+2) + 5 mharc(3+2)**

**(an 1ú freagra ceart 7 marc)**

## C1: Soláthar / Leaisteachas / An chaoi go bhféadfadh ganntanas ticéad a bheith ann

**(a)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc a mbíonn tionchar acu ar sholáthar earra nó seirbhíse.
(ii) Mínigh an difríocht idir gluaiseacht feadh chuar an tsoláthair agus bogadh i gcuar an tsoláthair. Léirigh do fhreagra le léaráidí cuí. [35]



(i) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** thoisc a mbíonn tionchar acu ar sholáthar earra nó seirbhíse.

Áirítear ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar sholáthar:

- **Praghas an earra féin**
- **Praghas na n-earraí gaolmhara**
- **Costas ionchur / costas táirgeachta**
- **Teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach**
- **Imeachtaí gan choinne / athruithe ar ionchais**
- **Cánacha indíreacha / fóirdheontais Rialtais**

**4 × 5 mharc. Luaigh: 2 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(ii) Mínigh an difríocht idir **gluaiseacht feadh chuar an tsoláthair** agus **bogadh i gcuar an tsoláthair**. Léirigh do fhreagra le léaráidí cuí.

| **Gluaiseacht feadh cuar soláthair** | **Athrú i gcuar soláthair** |
|---|---|
|  |  |
| **3 mharc** | **2 mharc** |
| Tarlóidh **gluaiseacht feadh** chuar an tsoláthair mar gheall ar **athrú ar phraghas díola an earra féin** agus tugaimis athrú sa **chainníocht arna soláthar** air sin. | Tarlóidh **athrú** ar dheis (méadú soláthair) nó ar chlé (laghdú soláthair) i gcuar an tsoláthair mar gheall ar **athrú in aon cheann de na tosca eile seachas praghas**. Sa chás seo, deirimid go raibh **athrú sa soláthar ar gach aon phraghas.** |
| **5 mharc** | **5 mharc** |
| **8 marc** | **7 marc** |

**(b)** Léigh na ráitis seo a leanas agus cuir in iúl cé acu **FÍOR** nó **BRÉAGACH** atá siad. Mínigh do fhreagra i n**gach** cás.

(i) Bíonn luach diúltach ar thras-phraghasleaisteachas an éilimh ar earraí ionaid.
(ii) Tá claonadh ag praghasleaisteachas an éilimh (PED) a bheith níos leaistí san fhadtréimhse ná mar a bhíonn sé sa ghearrthréimhse.
(iii) Nuair a bhíonn an t-éileamh ar earra neamhleaisteach i dtaca le praghas, má laghdaítear an phraghas méadófar an t-ioncam iomlán ó dhíolacháin.
(iv) Bíonn leaisteachas ioncaim an éilimh (YED) ar earraí sóchais dearfach. [24]

**(i)** Bíonn luach diúltach ar thras-phraghasleaisteachas an éilimh ar earraí ionaid. **BRÉAGACH**

Tá trasleaisteachas an éilimh ar earraí ionaid dearfach / Beidh ardú ar phraghas earra amháin ina chúis le méadú ar an éileamh ar a earra ionaid. Earraí ar féidir iad a idirmhalartú is ea earraí ionaid.
Mar shampla, is earraí ionaid iad Toyota agus VW. Má mhéadaíonn praghas carranna Toyota, is dócha go n-ardóidh an t-éileamh ar VW chomh maith.

**(ii)** Tá claonadh ag praghasleaisteachas an éilimh (PED) a bheith níos leaistí san fhadtréimhse ná mar a bhíonn sé sa ghearrthréimhse. **FÍOR**

Go ginearálta, i gcás a lán earraí, bíonn an t-éileamh níos leaistí go fadtéarmach ná go gearrthéarmach mar go nglacann sé am ar thomhaltóirí a bpátrúin úsáidte a choigeartú d'athruithe i bpraghas. San fhadtéarma, is fearr a bhíonn tomhaltóirí in ann athrú ó tháirge amháin go táirge eile agus éiríonn an t-éileamh ar an mbuntáirge níos leaistí ó thaobh praghais.

**(iii)** Nuair a bhíonn an t-éileamh ar earra neamhleaisteach i dtaca le praghas, má laghdaítear an phraghas méadófar an t-ioncam iomlán ó dhíolacháin. **BRÉAGACH**


Má bhíonn an t-éileamh neamhleaisteach, is é is ciall leis sin nach bhfuil ceannaitheoirí íogair ó thaobh athruithe i bpraghsanna. Dá bhrí sin, bíonn an t-ardú céatadáin ar an éileamh níos lú i gcoibhneas leis an athrú ar an bpraghas i dtéarmaí céatadáin. Dá bhrí sin, ní fhágfaidh an praghas laghdaithe go méadóidh an t-ioncam ó dhíolachán, ach ísleoidh sé é.

**(iv)** Bíonn leaisteachas ioncaim an éilimh (YED) ar earraí sóchais dearfach. **FÍOR**

De réir mar a ardaíonn ioncam, caitheann tomhaltóirí cion níos mó dá gcuid airgid ar ghnáthearraí.
Mar gheall air gur gnáthearraí iad earraí sóchais, tá an ráiteas seo fíor. Ceannóidh tomhaltóirí níos mó de na hearraí seo de réir mar a ardaíonn ioncam, dá bhrí sin tá YED dearfach. / Gnáthearra é earra sóchais ar a bhfuil leaisteachas ioncaim an éilimh dearfach agus níos mó ná 1.

**Fíor / Bréagach: 4 × 2 mharc**
**Míniúchán: 4 × 4 mharc**

**(c)** Agus úsáid á baint agat as na coincheapa éileamh agus soláthar, mínigh le cuidiú léaráide a bhfuil lipéid uirthi, an dóigh a bhféadfadh sé tarlú go mbeadh ganntanas ticéad faoi choinne coirm cheoil mhór ann. Is é 30,000 duine an líon iomlán daoine a thógann ionad na coirme ceoil. [16]




**12 mharc**

Bíonn an soláthar ticéad do cheolchoirmeacha seasta, beag beann ar an bpraghas. Tá an S/C ceartingearach, a léiríonn go bhfuil an cumas seasta ag 30,000 suíochán. Le soláthar teoranta, d'fhéadfadh praghas cothromaíochta an mhargaidh a bheith an-ard. Tá fána anuas ag an D/C do thicéid cheolchoirme mar gur gnáthearraí iad ticéid cheolchoirme.Ar phraghsanna faoi phraghas cothromaíochta an mhargaidh $P_1$ (e.g. $P_2$) tá ró-éileamh agus easpa soláthair i gceist. Dá ndíolfadh na tionscnóirí ticéid iad ar phraghsanna níos ísle ná an praghas cothromaíochta, $P_1$, bheadh ró-éileamh i gceist ar an bpraghas seo.

**4 mharc**

## C2: Tionscal na seacláide san AE / Gnólachtaí beaga v Gnólachtaí móra

*Tá ceannas ag Cadbury, Mars agus Nestlé ar thionscal na seacláide san Aontas Eorpach.*

**(a)** (i) Luaigh an struchtúr margaidh cuí is fearr a chuireann síos ar an staid thuas. Tabhair cúis le do fhreagra.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phríomh-shaintréith eile a bhaineann leis an struchtúr margaidh seo.

(iii) Mínigh, le cuidiú léaráide a bhfuil lipéid uirthi, an cruth is dócha a bheadh ar chuar an éilimh sa struchtúr margaidh seo. [35]

(i) Luaigh an struchtúr margaidh cuí is fearr a chuireann síos ar an staid thuas. Tabhair cúis le do fhreagra.

**Olagaplacht**
Tá ceannas / riail **ag líon beag gnólachtaí a bhfuil scair mhór den mhargadh** / cóimheas comhchruinnithe ard acu ar an tionscal.

**7 marc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phríomh-shaintréith eile a bhaineann leis an struchtúr margaidh seo.

**Comh-idirspleáchas idir gnólachtaí**

**Difreáil táirgí**

**Iomadú brandaí**

**Bacainní ar iontráil**


**D'fhéadfadh claonpháirteachas tarlú** (Follasach nó intuigthe)

**Is coitianta an iomaíocht neamhphraghais**

**D'fhéadfadh gnólachtaí dul sa tóir ar aidhmeanna seachas uasmhéadú brabúis**

**2 × 5 mharc (2+3)**

(iii) Mínigh, le cuidiú léaráide a bhfuil lipéid uirthi, an cruth is dócha a bheadh ar chuar an éilimh sa struchtúr margaidh seo.




**Léaráid: P, C, AB, BC, $P_1$ : 5 × 1 mharc = 5 mharc**

**Cuar an Éilimh Foriomlán**
Is é cuar an éilimh foriomlán ABC, a bhfuil cor ann ag pointe B.

**3 mharc**

**Cuar an éilimh – AB**
Tá an chuid seo den D/C leaisteach. Bheadh faitíos ar an ngnólacht a phraghas a mhéadú mar nach n-athróidh gnólachtaí eile a bpraghsanna féin mar sin caillfidh an gnólacht seo mórán custaiméirí dá thoradh / (tá faitíos ar an ngnólacht go gcaillfidh sé sciar shuntasach den mhargadh)

**5 mharc**

**Cuar an éilimh – BC**
Tá an chuid seo den D/C neamhleaisteach. Ní laghdaíonn an gnólacht a phraghas, mar go gcreideann sé go meaitseálfaidh gnólachtaí eile an laghdú seo agus ní mheallfaidh an gnólacht seo ach beagán custaiméirí breise / d'fhéadfadh cogadh praghsanna teacht as seo.

**5 mharc**

**(b)** (i) Dá dtiocfadh déantóir mór seacláide as na Stáit Aontaithe isteach i margadh seacláide an AE, tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an iomaíocht mhéadaithe sa mhargadh seo.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a d'fhéadfadh deacrachtaí a chur sa bhealach ar an déantóir seacláide seo as na Stáit Aontaithe teacht isteach i margadh seacláide an AE. [25]

(i) Dá dtiocfadh déantóir mór seacláide as na Stáit Aontaithe isteach i margadh seacláide an AE, tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag an iomaíocht mhéadaithe sa mhargadh seo.

**Praghsanna níos ísle do thomhaltóirí**
Féadfaidh iomaíochas méadaithe sa mhargadh praghsanna a thiomáint síos chun tairbhe custaiméirí.

**Rogha níos fairsinge le haghaidh tomhaltóirí**
Féadfaidh tomhaltóirí a bheith ag súil le rogha níos leithne seacláide ar an margadh agus SAM ag iarraidh sciar den mhargadh a fháil.

**Táirge de chaighdeán níos fearr**
D'fhéadfadh táirge seacláide de chaighdeán níos fearr a bheith ag an tomhaltóir mar gheall ar iomaíocht.

**Níos mó nuálaíochta**
Is mó an seans go gcuardóidh gnólachtaí a bhfuil brú iomaíochais orthu bealaí chun a dtáirgí a dhéanamh níos mealltaí do thomhaltóirí.
Dá bhrí sin, gheobhaidh tomhaltóirí tairbhe mar gheall go gcruthóidh agus go mionathróidh gnólachtaí táirgí le dul in oiriúint do shainroghanna tomhaltóirí. Is é an faitíos atá ar ghnólachtaí go ngoidfidh iomaitheoirí a sciar mhargaidh a thiomáineann nuálaíoch agus feabhsúchán cáilíochta.

**Úsáid níos fearr as acmhainní atá gann / éifeachtacht níos fearr**
D'fhonn a bheith níos iomaíche, d'fhéadfadh gnólachtaí sa tionscal iarracht a dhéanamh costais a laghdú agus dá bhrí sin go mbeadh éifeachtacht níos fearr agus go mbainfí úsáid níos fearr as acmhainní.

**3 × 5 mharc (2+3)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc a d'fhéadfadh deacrachtaí a chur sa bhealach ar an déantóir seacláide seo as na Stáit Aontaithe teacht isteach i margadh seacláide an AE.

**Comhaontuithe trádála / taraifí iompórtála an AE /Rialacháin laistigh den AE**
D'fhéadfadh sé a bheith deacair ar dhéantóir ó SAM dul isteach i margadh AE mar gheall ar na comhaontuithe seo. Cuirfidh taraifí iompórtála AE leis an gcostas a bhaineann le gnó a dhéanamh agus d'fhéadfaí iad a chur ar aghaidh chuig an tomhaltóir i bhfoirm praghsanna níos airde.

**Dílseacht bhranda custaiméirí reatha / Branda nua / fógraíocht a chruthú**
D'fhéadfadh tomhaltóirí in AE a bheith dílis do bhrandaí reatha agus cosnóidh sé go leor airgid fógraíochta ar ghnólacht as SAM chun a dhílseacht bhranda féin a chruthú. Beidh sé costasach chun ainm branda éagsúil agus sainiúil a bhunú ó na brandaí sin atá bunaithe le fada sa mhargadh. (Éagsúlachtaí a chruthú sa táirge in intinn tomhaltóirí e.g. pacáistiú a shainíonn táirge go soiléir ó tháirge eile).

**Barainneachtaí scála sa mhargadh Eorpach**
Bhain táirgeoirí reatha amach iad seo i margadh na hEorpa thar thréimhse ama agus meánchostais tháirgeachta níos ísle. Beidh sé deacair ag iontrálaí nua na barainneachtaí scála seo a bhaint amach agus dul san iomaíocht le gnólachtaí reatha.

**Eolas agus saineolas**
Tá buntáiste ag soláthróirí reatha seacláide i dtéarmaí eolas ar an margadh agus glacfaidh sé am agus airgead ar an táirgeoir as SAM é a fháil.

**Costais iompair**
Má tháirgtear i SAM é, méadóidh an costas a bhaineann leis an seacláid a iompar isteach i margadh AE costais na táirgeachta.

**2 × 5 mharc (2+3)**

**(c)** Mínigh cén fáth a n-éiríonn le gnólachtaí beaga i roinnt margaí ach go mbíonn ceannas ag gnólachtaí móra ar mhargaí eile.

[15]

**An chúis go n-éiríonn le gnólachtaí beaga i roinnt margaí:**

**Seirbhís phearsanta**
Tugann gnólachtaí beaga aire phearsanta ag soláthar earraí agus seirbhísí áirithe e.g. gruagaire, pluiméir etc.

**Ní theastaíonn soláthróir níos mó i margadh den mhéid sin**
Tá seans ann nach n-éascódh méid theoranta an mhargaidh oibriúchán gnó ar scála mór e.g. i gceantar tuaithe d'fhéadfadh sé go mbeadh siopa beag inmharthana agus nach mbeadh ollmhargadh mór inmharthana.

**Cúnamh rialtais do ghnólachtaí beaga**
D'fhéadfadh an rialtas cúnamh a chur ar fáil i bhfoirm deontas nó fóirdheontas do shaothar.

**Dílseacht tomhaltóirí**
D'fhéadfadh sé go mbeadh cáil bainte amach ag gnólachtaí beaga leis na blianta in earraí agus i seirbhísí a sholáthar dá gcustaiméirí a bheadh dílis don ghnólacht sin dá bharr sin.

**Pobal inmharthana**
D'fhéadfadh sé go dtacódh saoránaigh i bpobail bheaga le gnó áitiúil ionas go gcinnteofaí go leanfaí de sheirbhísí agus d'earraí a sholáthar, e.g. d'fhéadfadh pobal tacú lena shiopa áitiúil ionas go leanann sé ar aghaidh.

**Margaí nideoige / margaí traidisiúnta / an cineál táirge/seirbhíse atá á sholáthar**
D'fhéadfadh sé go n-oirfeadh an cineál táirge/seirbhíse atá á sholáthar níos fearr do ghnólacht beag. I measc na samplaí tá: pleanálaithe bainise, táirgí lámhdhéanta/ceardaíochta; táirgí somheata, etc.
Tharlódh go mbeadh sé níos fusa ar ghnólacht beag lonnú gar don mhargadh ach go mbeadh sé níos deacra ar ghnólacht mór é sin a dhéanamh e.g. is féidir le díoltóirí táirgí áitiúla atá lonnaithe cois bóthair bheith solúbtha agus a suíomh á roghnú acu.

**An cineál táirge**
D'fhéadfadh sé go monarófaí earraí troma lena mbaineann costas mór iad a iompar go háitiúil ar scála beag leis na margaí áitiúla a sholáthar e.g. bloic choincréite

**An chúis go mbíonn gnólachtaí móra i gceannas ar roinnt margaí:**

**Barainneachtaí scála a bheith ann**
Faigheann gnólachtaí níos mó tairbhe as na buntáistí a bhaineann le táirgeadh ar scála mór trína dtiteann costas an aonaid de réir mar a mhéadaíonn an gnólacht. Mar gheall ar chruth gnólachtaí beaga, bíonn sé deacair barainneachtaí scála mar sin a bhaint amach.

**Bacainní ar iontráil a bheith ann**
Bíonn sé deacair ar ghnólachtaí nua an margadh a iontráil mar gheall orthu e.g. tionscal na nguthán soghluaiste; earnáil na baincéireachta.

**Fógraíocht**
Tá úsáid meán náisiúnta e.g. an teilifís, nuachtáin, pictiúrlann etc. costasach agus bíonn an costas seo sriantach do ghnólachtaí beaga e.g. ollmhargaí áitiúla.

**Difreáil táirgí**
Infheistíocht in T agus F sa mhéid is nach mbeadh na hacmhainní ag gnólachtaí beaga dul san iomaíocht.

**Iomadú Brandaí**
Tá acmhainní ag gnólachtaí móra le hinfheistiú chun go leor brandaí a bhunú agus ní bheadh gnólachtaí beaga in ann dul san iomaíocht ar an mbunús sin

**3 × 5 mharc (2+3)**

## C3: Téarmaí / an Margadh Saothair / Cúiseanna le difríochtaí pá

**(a)** Mínigh na téarmaí seo a leanas i dtaca leis an toisc tháirgthe saothar.

(i) Ráta rannpháirtíochta
(ii) Fíorphá
(iii) Táirgiúlacht lucht saothair
(iv) Éileamh díorthaithe [20]

**(a)** Téarmaí

**(i) Ráta rannpháirtíochta**

- An cion den aoisghrúpa ghníomhach atá sa mhargadh saothair.
- An cion den daonra in aois oibre atá fostaithe nó ag lorg oibre.
- An cionn den daonra in aois 15 bliana d'aois nó níos sine atá gníomhach ar bhonn geilleagrach (An Banc Domhanda).

**(ii) Fíorphá**

- Cumhacht ceannacháin pá / tomhaiseann sé méid na n-earraí agus seirbhísí is féidir le hoibrí a cheannach le hairgead an phá.
- Airgead an phá coigeartaithe chun athruithe i bpraghsanna idir tréimhsí ama (boilsciú) a chur san áireamh

**(iii) Táirgiúlacht lucht saothair**

- An t-aschur in aghaidh an oibrí in achar ama áirithe; mar shampla, sa tseachtain.
- An t-aschur iomlán arna roinnt ar líon na n-uaireanta d'ionchur saothair.

**(iv) Éileamh díorthaithe**

- Ní éilíonn gnólachtaí saothar ar mhaithe leis féin ach mar gheall ar a rannchuidiú leis an bpróiseas táirgthe / an táirge deiridh a chruthaítear.

**1ú freagra ceart 8 marc**
**2ú/3ú/4ú × 4 marc**

**(b)** (i) Déan plé ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar sholáthar an tsaothair.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán atá roimh mhargadh an tsaothair in Éirinn faoi láthair agus luaigh polasaí rialtais cuí **amháin** mar fhreagra ar gach dúshlán atá luaite agat. [35]

(i) Déan plé ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar sholáthar an tsaothair.

Tá said seo ar na freagraí a d'fheadfaí a thabhairt:

**An líon uaireanta sa tseachtain ar an mean a oibrítear gach fostaí/ Lúbadh siar i soláthar saothair/ leibhéil phá i dtíortha eile**
Tá caidreamh láidir ag rátaí pá leis an líon uaireanta oibre a bhíonn daoine toilteanach a dhéanamh. Feidhmíonn leibhéil phá níos airde le blianta beaga anuas mar dhreasacht ag níos mó daoine a saothar a sholáthar. I gcás roinnt oibrithe, de réir mar a ardaíonn leibhéil phá d'fhéadfadh siad níos mó fóillíochta a roghnú agus a soláthar a laghdú.

**Ardrátaí imeallach cánach**
D'fhéadfadh sé seo cosc a chur ar soláthar saothair. Feidhmíonn ardrátaí cánach mar dhídhreasú le soláthar saothair má mhothaíonn oibrithe go bhfuil an iomarca cánach á gearradh orthu d'fhéadfaidís an líon uaireanta oibre sa tseachtain a laghdú.

**Rialachán / beartais rialtais i.e. íocaíochtaí leasa shóisialaigh**
D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an ardú sa ráta íosphá le déanaí chun níos mó daoine a spreagadh le fostaíocht a lorg. Méid inchomparáide íocaíochtaí leasa shóisialaigh: má mheastar go bhfuil siad flaithiúil, seans nach mbeidh mórán daoine spreagtha chun fostaíocht a lorg.

**Ráta Rannpháirtíochta**
Comhréir an aoisghrúpa ghníomhaigh atá sa mhargadh saothair. Má mhéadaíonn an ráta rannpháirtíochta, méadaíonn an soláthar saothair. Bíonn tionchar ag aon tosca a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ráta rannpháirtíochta ar an soláthar saothair: leibhéal na bpinsean atá ar fáil; meon i leith oibre e.g. meon maidir le mná a bheith ag obair i bpoist áirithe; d'fhéadfadh slándáil phoist feabhsaithe daoine a spreagadh le fanacht ag obair.

**Soghluaisteacht saothair**
Dá mhéid an tsoghluaisteacht saothair (tíreolaíoch agus gairme) is amhlaidh is mó an soláthar saothair i ngeilleagar. Má sholáthraítear tuilleadh eolais maidir le folúntais nó infhaighteacht poist, bíonn deis ag oibrithe bogadh agus méadóidh an soláthar saothair.

**Leibhéil imirce**
Tá an rialtas ag déanamh iarracht faoi láthair imircí Éireannacha a mhealladh ar ais go hÉirinn. Má éiríonn leo, beidh tionchar aige seo ar an soláthar saothair. Beidh tionchar ag leibhéil inimirce chun na hÉireann ar an soláthar saothair chomh maith.

**4 × 5 mharc (2+3)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán atá roimh mhargadh an tsaothair in Éirinn faoi láthair agus luaigh polasaí rialtais cuí **amháin** mar fhreagra ar gach dúshlán atá luaite agat

| Dúshláin Fhéideartha | Freagra beartais cuí ón rialtas |
|---|---|
| **Rósholáthar saothair**<br>Rátaí éagsúla dífhostaíochta in earnálacha éagsúla de mhargadh an tsaothair.<br><br>Faoi láthair, tá ardráta dífhostaíochta i measc daoine óga in Éirinn.<br>Bíonn sé an-deacair orthu siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach fostaíocht a fháil etc. | Soláthar (ath) oiliúna i gcás ina mbíonn easpa scileanna.<br>Cuidiú le daoine post a chuardach agus duine a mheaitseáil le post atá ar fáil.<br>Fostaithe a fhostú go díreach e.g. tithíocht shóisialta a thógáil<br>Fóirdheontas a chur ar fáil d'fhostaíocht san earnáil phríobháideach. |
| **Ró-éileamh saothair**<br>D'fhéadfadh sé a bheith deacair ag gnólachtaí spriocanna táirgeachta a chomhlíonadh mar gheall ar easpa saothair.<br>Éilimh phá. I gcás ina mbíonn easnaimh, d'fhéadfadh brú a bheith ar fhostóirí ráta pá a mhéadú chun an fórsa saothair reatha a choinneáil.<br>Tá easnaimh sna hearnálacha sláinte, tógála, TF agus fáilteachais etc. | Margadh saothair na hÉireann a oscailt: córas víosa níos éifeachtaí.<br>Eisimircigh a spreagadh chun filleadh abhaile.<br>Coinníollacha oibre / pá níos meallta a chur ar fáil chun céimithe a spreagadh i ngairmeacha áirithe le hoibriú in Éirinn agus gan dul thar lear. |
| **(4+3) = 7 marc** | **(4 + 4) = 8 marc** |

**(c)** Déan plé ar na cúiseanna a n-íoctar rátaí difriúla pá le hoibrithe difriúla [20]

**Táirgiúlacht oibrí**
Dá mhéad is féidir leis an oibrí a tháirgeadh is amhlaidh is mó a gcumas le rátaí pá níos airde a idirbheartú, mar a thomhaistear lena MRP.

**Scileanna éagsúla / méid an speisialaithe**
Athraíonn na scileanna a bhaineann le poist éagsúla agus tá pá ar cóimhéid leis an leibhéal scile atá ag baint leis. Dá mhéid an scil a theastaíonn chun post a dhéanamh is amhlaidh is mó an ráta pá e.g. faigheann máinlia pá níos airde ná altra.

**Fad na hoiliúna lena mbaineann**
Dá fhaide an fad a chaitear in oiliúint is amhlaidh is mó an ráta pá e.g. bíonn altra a fhaigheann oiliúint le hoibriú i ndianchúram níos speisialaithe agus gheobhaidh sé/sí pá níos airde.

**Cáilíochtaí oideachais**
Dá airde an leibhéal oideachais a fhaightear is amhlaidh is mó a bhíonn an ráta pá.

**Cineál poist / coinníollacha / riosca an phoist**
Tá uaireanta neamhchaidreamhacha ag poist áirithe nó bíonn siad sealadach agus is iondúil go n-íoctar pá níos aired, e.g. oibrithe ar sheal oíche. Dá mhéid riosca a bhaineann leis an obair is amhlaidh is airde an ráta pá, e.g. oifigigh phríosúin.

**Láidreacht idirbheartaíochta cheardchumann na n-oibrithe**
Má tá oibrí mar bhall de cheardchumann láidir, d'fhéadfadh an ceardchumann seo pá níos airde a idirbheartú dá mbaill. B'fhéidir go n-éireodh leo margáil a dhéanamh ar arduithe pá nuair a fhaigheann oibrithe, a bhfuil a bpá nasctha leo, ardú pá.

**Rialachán / traidisiúin a bhaineann le poist áirithe**
Dá mhéid rialacháin nó bacainní a bhíonn le hiontráil i ngairm, is amhlaidh is airde an ráta pá e.g. gairm an dlí. Féadfaidh gairmeacha áirithe leibhéil phá arda a chothabháil mar gheall ar an traidisiún a bhaineann leis na gairmeacha sin i.e. lianna comhairleacha in ospidéil.

**Tallanna dúchais a bheith ag daoine**
Tá tallanna áirithe ag daoine áirithe agus dá bhrí sin d'fhéadfaidís a bheith in ann ioncam an-ard a thuilleamh e.g. réaltaí spóirt, iad siúd sa tionscal siamsaíochta.

**Laofacht Inscne**
D'ainneoin reachtaíochta, tá laofacht fós ag baint le híocaíocht ban i lucht saothair na hÉireann.

**4 × 5 mharc (2+3)**

## C4: Tréimhsí táirgeachta / Ioncam agus costais imeallacha / Iomaíochas

**(a)** (i) Déan idirdhealú idir an ghearrthréimhse agus an fhadtréimhse i gcás na táirgeachta.
(ii) Sa ghearrthréimhse, d'fhéadfadh gnólachtaí fanacht sa tionscal fiú má bhíonn caillteanas á dhéanamh acu. Mínigh an ráiteas seo. [15]

(i) **Déan idirdhealú idir** an ghearrthréimhse agus an fhadtréimhse i gcás na táirgeachta.

Sa ghearrthréimhse táirgeachta bíonn ar a laghad toisc amháin táirgeachta/ionchuir seasta agus ní féidir é a athrú. San fhadtréimhse, bíonn gach toisc táirgeachta / ionchur inathraitheach.

**10 marc (5+5)**

(ii) Sa ghearrthréimhse, d'fhéadfadh gnólachtaí fanacht sa tionscal fiú má bhíonn caillteanas á dhéanamh acu. Mínigh an ráiteas seo.

**Má bhíonn ioncam iomlán gnólachta níos mó ná a chostais athraitheacha iomlán, leanfaidh sé ag táirgeadh sa ghearrthéarma. Féadfaidh aon ioncam a ghintear os cionn costas athraitheach an ghnólachta dul i dtreo costais sheasta a íoc** i.e. bheadh an caillteanas sa táirgeacht níos lú ná an costas a bhainfeadh leis an ngnólacht ag dúnadh síos.

**5 mharc**

**(b)** (i) Mínigh na téarmaí **ioncam imeallach** agus **costas imeallach**.
Taispeánann an tábla thíos sonraí costais agus ioncaim gnólachta.

| Aschur | Praghas (€) | Ioncam Iomlán (€) | Costas Iomlán (€) |
|---|---|---|---|
| 1 | 20 | 20 | 42 |
| 2 | 20 | 40 | 60 |
| 3 | 20 | 60 | 77 |
| 4 | 20 | 80 | 97 |
| 5 | 20 | 100 | 130 |

Bain úsáid as na sonraí atá sa tábla thuas agus:

(ii) Ríomh an t-ioncam imeallach agus an costas imeallach ag **gach** leibhéal aschuir.
**Taispeáin do chuid oibre.**

(iii) Tarraing graf amháin chun an t-ioncam imeallach agus an costas imeallach a thaispeáint agus aimsigh an leibhéal aschuir ar a ndéanann an gnólacht seo an t-uasbhrabús.
Mínigh do fhreagra.

[30]

(i) Mínigh na téarmaí **ioncam imeallach** agus **costas imeallach**.

Is é is **ioncam imeallach** ann an bhreis le hioncam iomlán mar thoradh ar aonad breise aschuir amháin a tháirgeadh.
Is é is **costas imeallach** ann an bhreis le costas iomlán mar thoradh ar aonad breise aschuir a tháirgeadh.


**2 × 5 mharc**

(ii)

| Aschur | Praghas | Ioncam Iomlán | Costas Iomlán | *II* | *CI* |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 20 | 20 | 42 | - | - |
| 2 | 20 | 40 | 60 | ***40 - 20 = 20*** | ***60 – 42 = 18*** |
| 3 | 20 | 60 | 77 | ***60 - 40 = 20*** | ***77 – 60 = 17*** |
| 4 | 20 | 80 | 97 | ***80 - 60 = 20*** | ***97 – 77 = 20*** |
| 5 | 20 | 100 | 130 | ***100 – 80 = 20*** | ***130 – 97 = 33*** |

**Ríomh II: 4 mharc.**
**Ríomh CI: 4 mharc.**

(iii)




**Graf: 5 marc**

| Praghas | Cainníocht | II | CI | Uasbhrabús a aithint |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **1** | **1** | **1** | **1** |

**An leibhéal aschuir ar a ndéanann an gnólacht seo an t-uasbhrabús: 4 aonad aschuir: áit a bhfuil CI= II**
**3 mharc**

Má tháirgtear níos mó ná 4 aonad, bíonn an costas breise (imeallach) a bhaineann le níos mó aonad a tháirgeadh níos mó ná an t-ioncam breise (imeallach) a ghintear agus dá bhrí sin d'fhéadfadh an gnólacht a bhrabús a mhéadú (caillteanais a íoslaghdú)trí níos lú aschur a tháirgeadh.

**4 mharc**

**(c)** *"Tháinig feabhas ar chumas iomaíochta na hÉireann le linn na tréimhse ó 2011 go 2014 agus bhí páirt lárnach aige sin sa bhorradh faoin bhfostaíocht agus faoin bhfás geilleagrach."*

(**Foinse**: An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, Nollaig 2015)

(i) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chumas iomaíochta gnólachtaí in Éirinn.

(ii) Déan plé ar **thrí** pholasaí a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a chur sa mheá d'fhonn feabhas a chur ar chumas iomaíochta gnólachtaí in Éirinn. [30]

(i) Tabhair breac-chuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chumas iomaíochta gnólachtaí in Éirinn.

Tá said seo ar na freagraí a d'fheadfaí a thabhairt:

**Costais phá**
Méadaíonn ardchostais phá (an méadú le déanaí san íosphá náisiúnta) an costas táirgeachta agus bíonn iomaíochas níos lú dá bharr. Mar gheall ar chostais tithíochta agus cóiríochta atá ag ardú i gceantair áirithe, d'fhéadfadh oibrithe pá ard a lorg agus dá bhrí sin go n-ardódh costais táirgeachta agus dá bhrí sin thiocfadh laghdú ar iomaíochas. Beidh tionchar ag ráta ÁSPC fostóirí ar chostais chomh maith. Mar gheall ar easnamh i saothar oilte, íoctar pá níos airde chun oibrithe a shlánú a mhéadaíonn costais táirgeachta agus a laghdaíonn iomaíochas dá réir sin.

**Costais a bhaineann le gnó a dhéanamh/Costas fóntais**
Laghdaíonn ardú costas do ghnólacht a iomaíochas. Is iondúil go mbíonn costais fuinnimh ard in Éirinn agus cuireann sé le costais táirgeachta agus mar gheall air sin laghdaítear iomaíochas gnó. Tá préimheanna árachais níos airde ag cur leis na costais seo.

**Rátaí / arduithe cánach**
Méadaíonn arduithe ar rátaí cánach indíreacha cosúil le CBL costais earraí agus seirbhísí; costas amhábhar agus laghdaíonn sé iomaíochas.

**Bonneagar uireasach**
Cuireann an easpa leathanbhanda ardluais le costais ghnólachtaí Éireannacha. Tá costais iompair ag ardú in Éirinn chomh maith.

**Rialachán (éascaíocht le gnó a dhéanamh) / Polasaí an Rialtais**
Má bhíonn an iomarca páipéarachais ag baint le gnó a reáchtáil, méadaítear costais ( e.g. caighdeáin níos airde a leagan síos nó srianta níos doichte ar tháirgeadh) agus laghdófar iomaíochas.

**Rátaí boilscithe**
Má tá boilsciú in Éirinn ag ardú d'fhéadfadh costas na táirgeachta a bheith ag ardú agus ní bheadh gnólachtaí in Éirinn chomh hiomaíoch.

**Caighdeán na teicneolaíochta sa ghnólacht**
Mura bhfuil siad seo éifeachtúil agus suas chun dáta, d'fhéadfadh sé airgead a chosaint ar an ngnólacht, rud a dhéanfadh costais a mhéadú agus iomaíochas a laghdú.

**Taighde agus Forbairt**
D'fhonn an seasamh iomaíoch atá aige a choimeád ní mór do ghnólacht infheistiú in T & F, nó rachaidh gnólachtaí a dhéanann infheistíocht chun tosaigh air. D'fhéadfadh gnólachtaí a chuireann táirgí nuálacha ar fáil trí T & F a bheith níos iomaíche ach amháin go n-éilíonn sé seo plean fadtréimhseach chun go mbeadh gnólachtaí sásta infheistíocht a dhéanamh.

**Athrú ar luach an euro**
I gcás go dtitfeadh luach an euro, fágfaidh sé sin go mbeidh easpórtálacha na hÉireann níos iomaíche thar lear.

**3 × 5 mharc (2+3)**

(ii) Déan plé ar **thrí** pholasaí a d’fhéadfadh rialtas na hÉireann a chur sa mheá d’fhonn feabhas a chur ar chumas iomaíochta gnólachtaí in Éirinn.

**Srian pá**
D’fhéadfadh an rialtas iarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú leis na comhpháirtithe sóisialta chun teorainn a chur ar arduithe pá.

**Cánachas a laghdú**
I gcás go dtiocfadh laghdú ar chánacha indíreacha cosúil le CBL nó dleacht mháil ar bhreosla, laghdófaí costais do ghnólachtaí Éireannacha agus chuideodh sé chun iomaíocht a fheabhsú. Cuideoidh laghdú ar ráta ÁSPC na bhfostóirí le gnólachtaí a gcostais a laghdú.

**Muirir fóntais a laghdú / costais neamhshaothair a fhaire**
D’fhágfadh laghdú ar chostais leictreachais, gáis, postais, táillí dramhaíola go gcuideofaí chun na costais ar ghnólachtaí Éireannacha a laghdú agus iomaíochas a fheabhsú dá réir sin. Dá nglacfaí bearta chun préimheanna árachais a laghdú, ansin thitfeadh costais.

**Bonneagar a fheabhsú do gnóthaí / oibrithe**
Mar gheall ar easpa leathanbhanda agus droch-bhonneagar iompair (tranglam ar an M50) i roinnt ceantar ní bhíonn roinnt gnólachtaí chomh hiomaíoch is a d'fhéadfaidís a bheith. Nuair a fheabhsaítear an bonneagar, ba cheart go mbeadh gnólachtaí níos éifeachtúla dá bharr agus go laghdófaí costais dá réir sin. Má tá an rialtas in ann an costas tithíochta a laghdú chuideodh sé sin le hoibrithe agus laghdófaí an brú le haghaidh arduithe pá.

**Maorlathas / ró-oifigiúlachas / reachtaíocht a laghdú**
Nuair a bhíonn sé níos éasca gnó a dhéanamh titeann costais gnólachta e.g. ceanglais dlí a laghdú; ceanglais sláinte agus sábháilteachta, etc. Trína thuilleadh cleachtas saothair níos solúbtha a spreagadh e.g. obair pháirtaimseartha a spreagadh, is féidir costais na ngnólachtaí a laghdú.

**Fóirdheontais do ghnólachtaí / dreasachtaí do ghnólachtaí**
Trí fhóirdheontais a thabhairt le haghaidh costais oiliúna, d’fhéadfaí costais gnólachta a laghdú agus é a dhéanamh níos iomaíche. Trí dheontais chun nuálaíocht agus T&F a chothú i ngnólachtaí, laghdófaí na costais sin.

**Maoiniú a dhéanamh ar scileanna / oideachas / oiliúint**
Is féidir leis an rialtas cláir a mhaoiniú a chabhraíonn chun scileanna a theastaíonn ó ghnólachtaí a fhorbairt. Cinntíonn sé sin go mbíonn lucht saothair oilte ar fáil, rud a fhágann go mbíonn na hoibrithe éifeachtúil, agus cuidíonn sé chun na costais a bhíonn ar ghnólachtaí a laghdú. Maoiniú oideachais spriocdhírithe chun freastal ar na riachtanais scileanna a bheidh ag na hearnálacha a bhfuil borradh fúthu.

**Iomaíocht sa mhargadh / dírialú a spreagadh**
Bearta a thabhairt isteach a fheabhsóidh iomaíocht agus dá réir sin a d’fhéadfadh cabhrú chun costais a laghdú.
Cur leis an eolas atá ag tomhaltóirí trína chinntiú go mbeidh eolas ar fáil lenar féidir comparáid a dhéanamh.
Cumaisc agus táthcheangail a dhíspreagadh, toisc go bhféadfaidís líon na ngnólachtaí a bhíonn in iomaíocht le chéile a laghdú.

**3 × 5 mharc (2+3)**

## C5: Lánfhostaíocht / Ioncam Náisiúnta / Tionchar ar OTI

**(a)** (i) Sainmhínigh an téarma **lánfhostaíocht**.
(ii) Déan plé ar na buntáistí eacnamaíochta **agus** ar na dúshláin eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le lánfhostaíocht i ngeilleagar. [25]

(i) Sainmhínigh an téarma **lánfhostaíocht**.
Nuair a bhíonn gach duine a lorgaíonn obair in ann obair a aimsiú ag leibhéil phá reatha/ag an leibhéal pá atá i réim ar an margadh.

**5 mharc**

(ii) Déan plé ar na buntáistí eacnamaíochta **agus** ar na dúshláin eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le lánfhostaíocht i ngeilleagar.

| **Lánfhostaíocht i ngeilleagar** | |
|---|---|
| **Buntáistí eacnamaíocha** | **Dúshláin eacnamaíocha** |
| **Caighdeán maireachtála níos fearr do shaoránaigh**<br>Cuirfidh ioncaim níos airde ar chumas daoine níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach. | **Easnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa lucht saothair oilte**<br>D'fhéadfadh deacracht a bheith ag fostóirí spriocanna táirgeachta a chomhlíonadh.<br>B'fhéidir go mbeadh ar fhostóirí oibrithe a earcú ó thar lear. |
| **Laghdú ar an mbille leasa shóisialaigh / Méadú ar ioncam cánach**<br>De réir mar a bhíonn níos mó daoine ag obair ní bheidh an rialtas ag íoc amach an oiread íocaíochtaí leasa shóisialaigh.<br>Nuair a bheidh ardleibhéal fostaíochta i réim baileoidh an rialtas tuilleadh ioncaim ó chánachas díreach agus indíreach. | **Éilimh phá a d'fhéadfadh teacht chun cinn**<br>Nuair a bhíonn ganntanas oibrithe ann, d'fhéadfadh go mbeadh ar fhostóirí rátaí pá a ardú d'fhonn na fostaithe atá acu a choinneáil agus fostaithe nua a mhealladh. |
| **Éileamh comhiomlán méadaithe / Fás geilleagrach**<br>De bharr na lánfhostaíochta, méadófar an t-éileamh comhiomlán ar earraí agus seirbhísí sa gheilleagar agus méadófar leis sin an fás geilleagrach agus OTN. | **Brú ar bhonneagar an stáit**<br>Nuair a bheidh breis daoine ag obair beidh brú ar iompar, seirbhísí poiblí, tithíocht etc. |
| **Infheistíocht mhéadaithe**<br>Spreagann an lánfhostaíocht tuilleadh infheistíochta de réir mar a ardaíonn an t-éileamh agus de réir mar a bhíonn ionchais níos dearfaí ann faoin todhchaí. | **Caillteanas seirbhíse**<br>Sna hearnálacha sin ina bhfuil rátaí pá ísle d'fhéadfadh sé a bheith deacair oibrithe a mhealladh agus d'fhéadfadh meath teacht ar chaighdeán na seirbhíse nó d'fhéadfadh sé titim as a chéile go deimhin. |
| **Méadú ar an muinín as an ngeilleagar**<br>Beidh níos mó muiníne ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí as an ngeilleagar agus ba chóir go spreagfadh sé borradh eile fós faoin ngeilleagar sa todhchaí. | **Brúnna boilscitheacha**<br>Cuireann ioncaim agus caiteachas méadaithe borradh faoi bhoilsciú sa gheilleagar. Nuair a mhéadaíonn ioncam agus MPM méadaíonn an t-éileamh ar iompórtálacha agus d'fhéadfadh easnamh a bheith ar Chomhardú na Trádála dá bharr. |
| **Laghdaítear neamhionannas agus d'fhéadfadh sé cosc a chur ar bhochtaineacht**<br>Nuair a aimsíonn daoine fostaíocht ardaíonn a n-ioncam agus titeann an leibhéal bochtaineachta sa tír, rud a chabhraíonn chun an neamhionannas a laghdú sa tír. | |
| **2 × 5 mharc (2+3).** | **2 × 5 mharc (2+3).** |

**(b)** Bain úsáid as an eolas sa tábla chun na ceisteanna thíos a fhreagairt.

| | |
|---|---|
| An Claonadh Imeallach chun Tomhaltais (MPC) | 0.8 |
| An Claonadh Imeallach chun Iompórtála (MPM) | 0.2 |
| Leibhéal reatha cothromaíochta an ioncaim náisiúnta | €500m |
| Leibhéal an ioncaim náisiúnta a sholáthródh lánfhostaíocht | €620m |

(i) Sainmhínigh an téarma **an claonadh imeallach chun coigiltis** (MPS).
(ii) Ríomh an MPS sa gheilleagar a léirítear sa tábla thuas.
(iii) Ríomh luach an iolraitheora sa gheilleagar oscailte seo.

(iv) Cé mhéad a chaithfidh an rialtas a instealladh isteach sa gheilleagar seo má tá siad ag iarraidh go n-oibreodh an geilleagar ag leibhéal a lánfhostaíochta? **Taispeáin do chuid oibre**. [30]

(i) Sainmhínigh an téarma **an claonadh imeallach chun coigiltis** (MPS).

Is é atá ann an cion de gach aonad breise ioncaim nach dtomhlaítear / a choiglítear.

**6 mharc**

(ii) Ríomh an MPS sa gheilleagar a léirítear sa tábla thuas.

MPS = 1 – MPC
= 1 – 0.8 [3]
= 0.2 [3]

**6 mharc**

(iii) Ríomh luach an iolraitheora sa gheilleagar oscailte seo.

| Modh 1 | Modh 2 |
|---|---|
| $\frac{1*}{0.2* +* 0.2*}$ <br> $\frac{1}{0.4}$ <br> **2.5** | $\frac{1}{1 - (0.8 - 0.2)}$ <br> $\frac{1*}{1* - *0.6*}$ <br> **2.5** |
| *** 1 mharc an ceann** <br> **Freagra ceart: 4 mharc** | *** 1 mharc an ceann** <br> **Freagra ceart: 4 mharc** |

(iv) Cé mhéad a chaithfidh an rialtas a instealladh isteach sa gheilleagar seo má tá siad ag iarraidh go n-oibreodh an geilleagar ag leibhéal a lánfhostaíochta? **Taispeáin do chuid oibre**.

Easnamh san ioncam náisiúnta: €620m [2] - €500m [2] = €120m [2]

Mar sin ní mór don rialtas an caiteachas a mhéadú de: $\frac{€120m}{2.5}$ [2] = €48m.[2]

**10 marc**

**(c)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh tionchar a bheith ag **aon dá cheann** díobh seo a leanas ar Olltáirgeacht Intíre (OTI) na hÉireann.

(i) Méadú ar íocaíochtaí Sochar Linbh.
(ii) Cuideachta faoi úinéireacht iasachta atá ag feidhmiú in Éirinn agus a sheolann sí ar ais go dtí a tír dhúchais an brabús go léir a shaothraíonn sí in Éirinn.
(iii) Doirteadh ola amach ón gcósta na hÉireann agus costais shuntasacha ar Rialtas na hÉireann chun é a ghlanadh suas. [20]

(i) Méadú ar íocaíochtaí Sochar Linbh.

**Ní** bhíonn aon tionchar aige sin ar OTI
Is íocaíocht aistrithe é sochar leanaí i.e. is íocaíocht é nach dtugtar aon earra nó seirbhís ar a shon.
**Ní** áirítear é in OTI dá bhrí sin. Déantar é a mhaoiniú trí chánachas agus níl aon tionchar aige are OTI.

(ii) Cuideachta faoi úinéireacht iasachta atá ag feidhmiú in Éirinn agus a sheolann sí ar ais go dtí a tír dhúchais an brabús go léir a shaothraíonn sí in Éirinn.

**Ní** bheidh aon tionchar ar an bhfigiúr ríofa le haghaidh OTI nuair a sheolann úinéireacht iasachta ar ais go dtí a tír dhúchais an brabús go léir. Tomhaiseann OTI luach na táirgeachta ar fad in Éirinn is cuma cé hé nó hí úinéir na sócmhainní táirgiúla. Dá bhrí sin tá na brabúis a shaothraíonn cuideachtaí faoi úinéireacht iasachta in Éirinn áirithe in OTI cheana féin. Mar sin féin, beidh na brabúis a sheolfaidh sí ar ais ina gcuid den ghlanioncam ó thar lear agus ísleoidh siad an figiúr OTN.

(iii) Doirteadh ola amach ón gcósta na hÉireann agus costais shuntasacha ar Rialtas na hÉireann chun é a ghlanadh suas.

**Méadóidh** sé sin an OTI.
Cuirtear an caiteachas breise a dhéanann an Rialtas ar ghlanadh comhshaoil leis an OTI.
Níl bhíonn díghrádú an chomhshaoil san áireamh san OTI.

**2 × 10 marc an ceann.**
**Tionchar ar OTI: 4 mharc.**
**Míniú: 6 mharc.**

## C6: Rátaí malairte / Comhardú na nÍocaíochtaí / Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide Éireannacha i margaí iasachta

**(a)** (i) Mínigh an téarma **ráta malairte**.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le méadú ar luach an euro (€) i gcoibhneas le dollar na Stát Aontaithe ($). [25]

(i) Mínigh an téarma **ráta malairte**.

Praghas airgeadra amháin léirithe i dtéarmaí airgeadra eile.
An praghas ar ar féidir airgeadra tíre a mhalartú ar airgeadra tíre eile

**5 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na hiarmhairtí eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag baint le méadú ar luach an euro (€) i gcoibhneas le dollar na Stát Aontaithe ($).

**Laghdaíonn praghsanna iompórtálacha / iompórtálacha níos saoire**
D'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar iompórtálacha ó na Stáit Aontaithe toisc iompórtálacha a bheith níos saoire i gcomparáid le táirgí baile.
Mar thoradh air sin, beidh bille na n-iompórtálacha níos lú do tháirgeoirí Éireannacha / beidh méadú ar iompórtálacha ó na Stáit Aontaithe.
Beidh sé níos saoire d'Éireannaigh cuairt a thabhairt ar na Stáit Aontaithe, agus mar sin rachaidh breis Éireannach ann ar saoire.

**Méadaíonn praghsanna easpórtálacha / easpórtálacha níos daoire**
D'fhéadfadh laghdú teacht ar an éileamh ar easpórtálacha Éireannacha sna Stáit Aontaithe de réir mar a mhéadaíonn an praghas easpórtála ó Éirinn.
Mar thoradh air sin d'fhéadfadh laghdú teacht ar easpórtálacha Éireannacha toisc iad a bheith níos deacra a dhíol / mar gheall nach mbíonn easpórtálacha Éireannacha iomaíoch i gcomparáid le táirgí eile.
Beidh sé níos daoire ar Mheiriceánaigh cuairt a thabhairt ar Éirinn, agus mar sin ní thabharfaidh an oiread cuairteoirí ó Mheiriceá cuairt ar Éirinn.

**Fostaíocht ag titim**
D'fhéadfadh laghdú teacht ar an bhfostaíocht sna tionscail sin a bhraitheann ar easpórtálacha Éireannacha go Meiriceá de bharr méadú féideartha ar easpórtálacha.

**Moilliú ar ráta an fháis gheilleagraigh**
D'fhéadfadh laghdú teacht ar an gcaiteachas sa gheilleagar de thairbhe caillteanas post. D'fhéadfadh méadú teacht ar chaiteachas rialtas na hÉireann ar leas sóisialach. Bheadh drochthionchar ag na tosca sin trí chéile ar fhás geilleagrach.

**Infheistíocht ó na Stáit Aontaithe i ngeilleagar na hÉireann**
Ní bhíonn an fonn céanna ar chuideachtaí de chuid na Stát Aontaithe infheistiú in Éirinn toisc go bhfuil sé níos daoire anois earraí caipitiúla a cheannach / infheistiú in Éirinn. D'fhéadfadh sé go spreagfaí cuideachtaí Éireannacha le hinfheistiú sna Stáit Aontaithe toisc é a bheith níos saoire ó thaobh an euro de.

**4 × 5 mharc (2+3)**

**(b)** *"Bhí barrachas €2.7 billiún ar Chuntas Reatha Chomhardú na nÍocaíochtaí (BOP) sa dara ceathrú de 2015, suim a bhí cothrom le 5.2% den OTI ráithiúil."*

(**Foinse**: *Institiúid Taighde Eacnamaíochta Nevin (NERI),* Fómhar 2015)

(i) Déan cur síos ar na príomh-mhíreanna i **gcuntas chomhardú íocaíochta** (BOP) na hÉireann.

(ii) Mínigh cad a chiallaíonn **barrachas ar chuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí** (BOP).

(iii) An bhféadfadh barrachas ar chuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí (BOP) fadhbanna a chruthú do gheilleagar? Mínigh do fhreagra. [30]

(i) Déan cur síos ar na príomh-mhíreanna i **gcuntas chomhardú íocaíochta** (BOP) na hÉireann.

**Comhardú na n-íocaíochtaí**

| **Príomhghnéithe** | **Cur síos / samplaí** |
|---|---|
| Cuntas Reatha | **Is ionann an cuntas reatha agus suim an chomhordaithe trádála (easpórtálacha lúide iompórtálacha) , glan-ioncam ó thar lear / glan- aistrithe reatha.** **Déanann sé taifead ar thrádáil shofheicthe agus dhofheicthe thar thréimhse ama. Is ionann é agus an difríocht idir easpórtálacha agus iompórtálacha iomlána.** Áirítear leis sreafaí glan-ioncaim amhail ús agus díbhinní a shaothraíonn saoránaigh eachtracha ó shócmhainní agus díbhinní Éireannacha agus ús a shaothraíonn saoránaigh Éireannacha ó shócmhainní eachtracha. Áirítear leis freisin aistrithe reatha e.g. fóirdheontais infhaighte ó AE; cánacha iníoctha le AE. |
| **7 marc** | |
| Cuntas Caipitil | **Déanann sé taifeadadh ar insreafaí agus eis-sreafaí de chineál neamh-athfhillteach / aistrithe caipitil e.g. méideanna infhaighte ó chiste forbartha réigiúnaí AE.** Áirítear leis aistrithe áirithe AE agus aistrithe sócmhainní paitinne agus cóipchirt / airgead ar iasacht do rialtais eachtracha. |
| **7 marc** | |
| Cuntas Airgeadais | **Cumhdaíonn an roinn seo idirbhearta i sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais.** Cuimsítear sa chuntas airgeadais ceithre phríomhchatagóir: infheistíocht dhíreach; infheistíocht phunainne; infheistíocht eile agus cúlsócmhainní. |
| **3 mharc** | |

**17 marc: 7 + 7 + 3**

(ii) Mínigh cad a chiallaíonn **barrachas ar chuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí** (BOP).

Ciallaíonn barrachas ar an gcuntas reatha go bhfuil luach airgid na n-iompórtálacha níos lú ná luach airgid na n-easpórtálacha. Tugann barrachas sa chuntas reatha le fios gur glan-iasachtóir é náisiún leis an gcuid eile den domhan.

**7 marc**

(iii) An bhféadfadh barrachas ar chuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí (BOP) fadhbanna a chruthú do gheilleagar? Mínigh do fhreagra.

Tugann barrachas ar Chomhardú na nÍocaíochtaí le fios go bhfuil níos mó á easpórtáil ag tír ná mar á iompórtáil aici. Is gá fios a bheith ag daoine ag an méid den bharrachas ón gcuntas reatha agus cén rud atá ag tiomáint an bharrachais.

**Barrachas i ngeall ar éileamh lag intíre / geilleagar neamhchothrom / ag brath rómhór ar easpórtálacha**
D'fhéadfadh barrachas mór a bheith ina cuntas reatha ag tír toisc an t-éileamh intíre a bheith lag go leor. Nuair a bhíonn an t-éileamh intíre lag bíonn caiteachas tomhaltóirí níos ísle agus d'fhéadfadh an fhostaíocht fulaingt dá bharr sin. D'fhéadfadh sé a thabhairt le fios go bhfuil tír ag brath rómhór ar easpórtálacha agus go bhfuil caiteachas tomhaltóirí íseal go leor.

**Maoiníonn barrachais sa chuntas reatha easnaimh sa chuntas reatha**
Ní bhíonn barrachas trádála i dtír ach amháin má bhíonn easnamh i dtír amháin eile ar a laghad. Féadfaidh an tír ina bhfuil easnamh bearta cosantacha a thabhairt isteach. D'fhéadfadh an domhan i mbéal forbartha a bheith siar leis an mbarrachas sna tíortha forbartha.

**Luach an airgeadra a ionramháil**
D'fhonn a cuid easpórtálacha a dhéanamh níos iomaíche is féidir le tír a cuid airgeadra a choimeád faoina luach / luachmhéadú an airgeadra a stopadh. Leis sin bíonn a cuid easpórtálacha níos iomaíche agus na hiompórtálacha níos daoire. Mar sin féin, bíonn an baol ag baint le beartais den sórt sin go ligtear do gheilleagar fás ró-thapa agus go gcruthaítear borradh agus cliseadh dá réir.

**Is gá go mbeadh barrachas i gcuntas reatha ag rith easnamh i gcuntas airgeadais/caipitil.** Go bunúsach, tá tír ag tabhairt iasachta don chuid eile den domhan. Ní fadhb é seo mura mbíonn aon suaitheadh geilleagrach domhanda ann ach d'fhéadfadh sé fadhb a chruthú do thír a bhfuil iasacht á tabhairt aici. Tugann an tSín iasacht do SAM. Tugann sí an iasacht in $ SAM. Má thiteann luach an $ beidh fadhb ann don tSín.

**D'fhéadfadh barrachas ar chuntas reatha a bheith ina chúis le boilsciú tarraingthe éilimh.**
Fásfaidh an t-éileamh comhiomlán i ngeilleagar nuair a fhaigheann sé sreabhadh ciorclach ioncaim – má tá lánfhostaíocht ann i ngeilleagar, a bheag nó a mhór, is féidir leis sin boilsciú tarraingthe éilimh a chruthú.

Má bhíonn barrachas mór ann go leanúnach (mar a bhíonn sa tSín), d'fhéadfadh sin a bheith ina chúis le tráchtaireacht dhiúltach pholaitiúil agus **méadú ar pholasaithe chosantacha.**

D'fhéadfadh barrachas ar chuntas reatha borradh a chur faoin bhfostaíocht intíre má tharlaíonn sé de bharr feabhas san iomaíochas, rud a mhéadaíonn an t-éileamh ar earraí easpórtála. Ach, má tharlaíonn an barrachas de bharr cúlú sa gheilleagar, rud a chuir isteach ar éileamh intíre agus ar an titim ar chaiteachas ar earraí iompórtála, d'fhéadfadh sé an fhostaíocht intíre a ísliú.

**6 mharc (3+3).**

**(C)** "*Rabhadh ón Eoraip go mbraitheann Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann barraíocht ar an margadh baile.*" (**Foinse**: *Irish Independent,* Samhain 2015)

Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí agus ar na dúshláin do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann agus iad ag feidhmiú i margaí iasachta. [20]

**Na buntáistí do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann agus iad ag feidhmiú i margaí iasachta.**

**Rochtain ar mhargaí níos mó / Díolacháin agus brabúis mhéadaithe**
Toisc gur margadh an-bheag í Éire, nuair a théitear isteach i margaí iasachta faigheann Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide (GBManna) na hÉireann rochtain ar thuilleadh custaiméirí agus bíonn deis níos mó acu leathnú a dhéanamh. Más féidir le GBManna níos mó earraí a dhíol thar lear cuirfidh sé sin borradh faoina gcuid ioncaim agus a gcuid brabúis dá bharr sin.

**Barainneachtaí scála**
Má éiríonn leo díolacháin a mhéadú thar lear, beidh siad in ann an táirgeacht a mhéadú agus buntáiste a bhaint as táirgeadh ar an scála mór agus as barainneachtaí scála.

**Riosca a éagsúlú**
Seachas a bheith ag brath rómhór ar an margadh baile tá an deis ag GBManna na hÉireann raon custaiméirí a bheith acu i margaí difriúla agus ní bheidh a gcúrsaí gnó chomh dona i gcás go dtitfeadh an t-éileamh sa mhargadh baile.

**Níos éasca maoiniú a fháil**
Bíonn sé níos éasca ag gnólachtaí níos mó maoiniú a fháil le leathnú amach anseo, agus bíonn sé níos éasca acu creidmheas a rochtain.

**Tacaíocht ar fáil ón Rialtas**
Féadfaidh rialtas na hÉireann deontais nó fóirdheontais agus cúnamh a thairiscint chun dul isteach sa mhargadh easpórtála trí na gníomhaireachtaí stáit éagsúla e.g. Fiontraíocht Éireann.

**2 × 5 mharc (2+3)**

**Na dúshláin do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide na hÉireann agus iad ag feidhmiú i margaí iasachta.**

**Costais iompair**
Méadaíonn siad sin praghsanna na n-easpórtálacha. Toisc gur oileán í Éire d'fhéadfadh costais nach beag a bheith i gceist agus fágann sé sin go mbíonn ár gcuid earraí níos daoire.

**Costais saothair**
Is minic le costais saothair a bheith ard in Éirinn, rud a mhéadóidh costais táirgeachta agus a fhágfaidh go mbeidh sé deacair acu dul san iomaíocht le hearraí a táirgeadh i dtíortha eile.

**Rioscaí ráta malairte a bhaineann le bheith ag trádáil lasmuigh de thíortha i limistéar an euro**
Má ardaíonn luach an euro i gcoibhneas leis na comhpháirtithe trádála, ansin bíonn easpórtálacha na hÉireann níos daoire agus cruthaíonn sé sin dúshlán nuair a bhíonn gnólachtaí Éireannacha ag iarraidh dul san iomaíocht thar lear.

**Scileanna teanga**
Ba dhúshlán i gcónaí do ghnólachtaí Éireannacha é an easpa scileanna teanga ach is mó fós an dúshlán sin i margaí atá ag teacht chun cinn san Áise.

**Maorlathas i dtíortha eile/bacainní rialála**
Cuireann na bacainní rialála sin, go háirithe lasmuigh de AE, srian ar an bhféidearthacht go leathnóidh GBManna na hÉireann. Tá sé doiligh do GBManna na hÉireann dul isteach i margaí nua e.g. an tSín.

**Leibhéal na gcostas má táthar ag teacht ó mhargadh beag**
Níl sé de bhuntáiste ag GBManna na hÉireann go bhfuil barainneachtaí scála acu le hais mar atá ag Cuideachtaí Ilnáisiúnta móra agus mar gheall air sin bíonn sé níos deacra acu gnó a mhealladh ar bhonn praghais.

**Iomaíochas**
Má tá an ráta boilscithe in Éirinn níos airde ná mar atá ag ár n-iomaitheoirí, fágann sé sin nach mbíonn earraí Éireannacha chomh tarraingteach thar lear.
Is minic go mbíonn costais eile e.g. costais árachais, fóntais e.g. leictreachas, gás, leathanbhanda etc. níos airde in Éirinn ná i dtíortha eile na hEorpa – méadaíonn siad sin costais táirgeachta agus beidh tionchar acu ar iomaíochas earraí Éireannacha thar lear.

**Rochtain ar chreidmheas**
Mura féidir le gnólachtaí Éireannacha creidmheas a rochtain ó bhainc chun leathnú a mhaoiniú beidh sé deacair acu dul isteach i margaí idirnáisiúnta.

**Cumas an ghnólachta**
D’fhéadfadh sé nach mbeadh an cumas ag GBManna na hÉireann freastal ar an éileamh ar a dtáirgí má éiríonn leo dul i mbun conarthaí.

**2 × 5 mharc (2+3).**

## C7: Téarmaí / Éagothroime in Éirinn / Conas an timpeallacht a chosaint

**(a)** I gcás aon **dá** cheann de na trí phéire seo a leanas, déan idirdhealú idir an dá choincheap.

(i) Ioncam agus rachmas
(ii) Cánacha forchéimnitheacha agus cánacha cúlchéimnitheacha
(iii) Tionchar an chánachais agus luí an chánachais. [20]

**Rachmas**
**Seo** stoc sealúchas inláimhsithe agus doláimhsithe a bhfuil margadhluach acu ag tráth áirithe.
Seo é an stoc rudaí atá ag duine / luach an stoic earraí caipitiúla + sócmhainní airgeadais lúide fiachas.

**Ioncam**
Is **sreabhadh** (ioncam a thuilltear in achar áirithe ama) é sin a chuireann le rachmas.

**Cánacha forchéimnitheacha**
Córas faoina dtógtar níos mó ar bhonn comhréireach i gcáin de réir mar a mhéadaíonn ioncam duine/ Cáin fhorchéimnitheach a bhíonn i gceist nuair a ardaíonn an chomhréir ioncaim a íoctar i gcáin de réir mar a ardaíonn an t-ioncam.
Is sampla é cáin ioncaim de cháin fhorchéimnitheach; de réir mar a mhéadaíonn pá oibrí íocfaidh siad ráta cánach níos airde.

**Cáin chúlchéimnitheach**
Córas faoina dtógtar níos mó ar bhonn comhréireach i gcáin de réir mar a laghdaíonn ioncam duine/ Ciallaíonn cáin chúlchéimnitheach go laghdaíonn an cion de cháin ioncaim a íoctar de réir mar a mhéadaíonn ioncam.
Is sampla de cháin chúlchéimnitheach é CBL: íocann duine ar ioncam íseal an méid céanna cánach ar earraí agus ar sheirbhísí is a íocann lucht ardioncaim.

**Tionchar an chánachais**
Is ar an duine nó an eagraíocht ar ar muirearaíodh / toibhíodh / gearradh an cháin an chéad lá riamh a imrítear tionchar na cánach.

**Luí an chánachais**
Tagraíonn luí an chánachais don duine a íocann an cháin sa deireadh thiar / an duine a mbíonn an t-ualach air sa deireadh.

Nuair a bhíonn éileamh neamhleaisteach i gceist (toitíní, alcól) is é an tomhaltóir a bhíonn siar le hualach na cánach.
Nuair a bhíonn soláthar neamhleaisteach i gceist, is é an táirgeoir a bhíonn siar le hualach na cánach.

**Téarmaí atá idirdhealaithe i gceart: 10 marc (5+5)+10 marc (5+5)**

**(b)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** pholasaí eacnamaíochta a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a chur sa mheá chun tabhairt faoin éagothroime in Éirinn.

(ii) D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra don rialtas cuspóirí eacnamaíochta eile a bhaint amach de thoradh polasaithe chun éagothroime a laghdú. Mínigh an ráiteas seo agus bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra. [30]

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** pholasaí eacnamaíochta a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann a chur sa mheá chun tabhairt faoin éagothroime in Éirinn.

**An t-íosphá náisiúnta a mhéadú / pá maireachtála náisiúnta a thabhairt isteach**
Dá méadófaí an t-íosphá, bheadh ioncaim indiúscartha níos airde ag na hoibrithe sin ar ioncam níos ísle. Dá dtabharfaí pá maireachtála náisiúnta isteach, ansin bheidís sin go léir atá ar phá íseal in ann caighdeán maireachtála níos fearr a bheith acu.

**Polasaí cánach**
A chinntiú go bhfuil cánacha forchéimnitheach e.g. cáin ioncaim, cáin ghnóthachan caipitiúil, cáin fháltas caipitiúil. Cáin ar bhrabúis corparáideacha a mhéadú – ionas go n-íocfar níos mó cánach i gcás gnólachtaí atá ina acmhainn sin. Deireadh a chur le faoisimh agus fothanacha cánach a úsáideann daoine ar ioncam an-ard ionas nach gá dóibh cánacha a íoc. An banda cánach níos ísle a leathnú ionas go méadóidh fíorioncam na ndaoine a thuilleann ioncam íseal/ Cánacha níos ísle d'oibrithe ar phá íseal
D'fhéadfadh an rialtas cáin rachmais a thabhairt isteach mar a dhéantar i ngeilleagair eile ionas go mbeadh daoine atá in acmhainn í a íoc ag íoc níos mó cánach.

**Polasaí leasa shóisialaigh**
Má mhéadaítear sochair leasa shóisialaigh, tiocfaidh feabhas ar chaighdeán maireachtála na ndaoine ar ioncam níos ísle.
Díriú ar theidlíochtaí uilíocha: in áit sochar leanaí a thabhairt do gach teaghlach a bhfuil leanaí acu, d'fhéadfaí é a thástáil ó thaobh acmhainne nó é a dhíriú ar thuismitheoirí a fhaigheann íocaíochtaí leasa shóisialaigh nó ar thuismitheoirí ar phá íseal.

**Rochtain uilíoch ar earraí bunúsacha / earraí fiúntais**
A chinntiú go mbeidh seirbhísí bunúsacha ar fáil do gach saoránach amhail cúram sláinte, tithíocht, agus oideachas, etc.D'fhéadfadh an rialtas an t-airgead is gá a thabhairt láithreach chun tithíocht shóisialta a thógáil.D'fhéadfadh an rialtas na margaí sin a sholáthraíonn fóntais a rialú e.g. leictreachas / gás, uisce, diúscairt dramhaíola etc., ionas go mbeidh na seirbhísí sin ar fáil ar phraghas cothrom do gach tomhaltóir. Caiteachas breise ar an oideachas / Infheistiú in oideachas luath-óige/oideachas réamhscoile. Tabharfaidh sé sin deis do gach leanbh rochtain a fháil ar oideachas luath-óige beag beann ar leibhéil ioncaim. Dreasachtaí a thabhairt dóibh siúd ar ioncam níos ísle chun oideachas tríú leibhéal a rochtain.

**Infheistiú i scéimeanna oiliúna / scéimeanna 'ó liúntas go pá'**
Scéimeanna 'ó liúntas go pá' a sholáthar: é a fhágáil níos tarraingtí dul ag obair trí roinnt tacaíochta ioncaim a sholáthar do dhaoine agus iad ag athrú ón gcóras leasa shóisialaigh go dtí an obair.
Tacaíocht d'oiliúint, scéimeanna agus printíseachtaí faoinar féidir le daoine airgead a shaothrú agus iad ag foghlaim: tuilleadh deiseanna a chur ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do dhaoine óga dífhostaithe ionas go mbeidh siad níos ábalta don mhargadh fostaíochta reatha agus go mbeidh seans acu deiseanna a thapú nuair a thiocfaidh siad aníos.

**Níos mó fostaíochta a chruthú / cruthú poist a spreagadh**
Infheistiú i mbonneagar, foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, tithe tréigthe a athchóiriú agus cur go mór leis an infheistíocht i dtithíocht inacmhainne d'fhonn pobail a athbheochan.

**2 × 8 marc (3 + 5)**

(Teastaíonn tagairt don chaoi a bhféadfadh polasaí cuidiú leis an éagothroime a laghdú chun lánmharcanna a fháil.)

(ii) D’fhéadfadh sé a bheith níos deacra don rialtas cuspóirí eacnamaíochta eile a bhaint amach de thoradh polasaithe chun éagothroime a laghdú. Mínigh an ráiteas seo agus bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra.

Tá said seo ar na freagraí a d’fhéadfaí a thabhairt:

**Dáileadh níos cothroime ar ioncam / rachmas v fás geilleagrach**
Tugtar dídhreasú d’fhiontraithe uaireanta nuair a úsáidtear cánachas chun dáileadh níos cothromasaí rachmais a bhaint amach má ghearrtar an iomarca cánach ar a gcuid brabúis, rud a d’fhéadfadh fonn a chur orthu a gcuid infheistíochtaí a thabhairt leo thar lear.
Nuair a ghearrtar cáin ar dhaoine a shaothraíonn ioncam ard d’fhéadfadh sé sin fonn a chur orthu an tír a fhágáil le cur fúthu i dtír ina bhfuil córas cánach níos fabhraí. D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar fhás geilleagrach.

**Dífhostaíocht a laghdú v Buiséad Comhardaithe / smacht ar airgead an stáit**
B’fhéidir go mbeadh fonn ar an Rialtas caiteachas a mhéadú d'fhonn an ráta dífhostaíochta a laghdú níos mó, ach tiocfaidh sé sin salach ar a chuid iarrachtaí an buiséad a chomhardú / airgead an stáit a rialú.

**Fostaíocht a chruthú v dáileadh níos cothroime ar ioncam**
Nuair a fheabhsaítear sochair leasa shóisialaigh cuidíonn sé sin chun dáileadh níos cothroime ioncaim a bhaint amach ach d’fhéadfadh sé fonn a chur ar dhaoine gan filleadh ar obair, rud a fhágann níos deacra é lánfhostaíocht a bhaint amach.

**Cánachas forchéimnitheach v cruthú post**
Má chruthaítear córas cánach níos forchéimnithí an mbeidh tionchar aige sin ar chruthú post agus ar líon na ndaoine a thosóidh ag obair? B’fhéidir go mothódh roinnt daoine a íocann níos mó cánacha nach fiú dóibh a bheith ag obair agus go socróidís dá bhrí sin gan dul ag obair.

**Cruthú fostaíochta v cothromaíocht i gComhardú na nÍocaíochtaí / cobhsaíocht praghsanna**
Nuair a bhíonn níos mó daoine ag obair, ardaíonn ioncam trí chéile sa gheilleagar agus toisc gur geilleagar beag oscailte atá in Éirinn, caithfear roinnt den ioncam méadaithe sin ar iompórtálacha agus d’fhéadfadh easnamh ar Chomhardú na nÍocaíochtaí tarlú. Nuair a bhíonn fostaíocht mhéadaithe ann tagann méadú freisin ar chaiteachas i ngeilleagar, ach leis sin d’fhéadfadh méadú teacht ar bhoilsciú de bharr tharraingt an éilimh.

**2 × 7 marc (3+4)**

**(c)** Is acmhainn ghann luachmhar í timpeallacht ghlan shláintiúil.
Tabhair breac-chuntas ar ghníomhartha a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun an timpeallacht a chosaint. [25]

Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:

**Cánacha nua a thabhairt isteach / cánacha atá ann cheana a mhéadú / íocann an truaillitheoir**
Ar na cleachtais sin a mbíonn drochthionchar acu ar an timpeallacht i.e. cáin ar mhálaí plaisteacha; cáin ar líonta talún; cáin i ndáil le brú tráchta ar charranna a théann isteach i gCathair Bhaile Átha Cliath. Leis sin d'fhéadfadh sé a bheith éigeantach muirir bhruscair de réir meáchain a íoc
Cánacha a ghearradh ar tháirgeoirí le tabhairt orthu na costais sheachtracha a chur san áireamh.

**Dreasachtaí cánach / fóirdheontais chánach (le haghaidh táirgeoirí / tomhaltóirí)**
Dreasachtaí cánach a thairiscint d'úinéirí tí chun foinsí fuinnimh eile a úsáid agus imeacht ó earraí agus seirbhísí ardcharbóin e.g. painéil ghréine, soirn a dhónn adhmad, insliú tithe.
Fóirdheontas a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus táirgí nach bhfuil díobhálach don chomhshaol e.g. fóirdheontas do charranna leictreacha.
Fóirdheontais a thabhairt chun forbairt teicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh - riachtanach chun astaíochtaí a laghdú.

**Iompar poiblí a sholáthar / a fhóirdheonú**
In iarracht astaíochtaí carbóin a laghdú d'fhéadfadh an rialtas úsáid iompair phoiblí a spreagadh. Mar sin d'fhéadfaí dreasachtaí a thabhairt chun iompar poiblí a fhóirdheonú nuair atá sé ar fáil agus iompar poiblí a sholáthar nuair nach bhfuil sé ar fáil nó fóirdheontais a thabhairt chun oibreoirí príobháideacha a spreagadh chun é sin a dhéanamh.

**Feachtais eolais / oideachais**
D'fhéadfadh an rialtas maoiniú a thabhairt chun feachtais eolais a reáchtáil ionas go mbeidh tomhaltóirí agus gnóthaí ar an eolas níos mó faoi
thionchar féideartha a gcuid gníomhaíochtaí ar an timpeallacht / níos airdeallaí faoi thionchar seachtrach a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir leo leanúint ag maoiniú tionscnamh mar 'Glantachán an Earraigh'; cosaint an chósta etc.

**Reachtaíocht / rialachán feabhsaithe**
Féadfaidh an rialtas dlíthe a thabhairt isteach a chuirfeadh cosc ar tháirgí áirithe agus/nó ar mhodhanna táirgeachta áirithe.
Cinnteoidh rialú feabhsaithe na margaí go bhfaighidh an timpeallacht cosaint níos fearr. D'fhéadfadh an rialtas córas ceadanna intrádála a thabhairt isteach (caithfidh truaillitheoirí atá ag iarraidh a gcuid astaíochtaí a mhéadú ceadanna a cheannach ó dhaoine eile atá sásta iad a dhíol).

**4 phointe: 7 marc (4+3) + 6 mharc (3+3) + 6 mharc (3+3)+ 6 mharc (3+3).**
**7 marc: An 1ú freagra ceart**

## C8: Feidhmíocht gheilleagrach / Laghdú fiachais / Daonra uirbithe na Éireann

**(a)** Tabhair breac-chuntas, agus tú ag baint úsáide as figiúirí cuí, ar an dóigh ar éirigh le geilleagar na hÉireann i rith an dá mhí dhéag seo caite, i n**gach** ceann de na réimsí seo a leanas:
Fás geilleagrach / Leibhéal praghsanna / Dífhostaíocht / Rátaí úis. [20]

**Fás geilleagrach**

**6.5% OTI / 5% OTN**

**I gcás na ngníomhaireachtaí go léir atá ag tabhairt réamhaisnéise maidir leis na rátaí fáis i ngeilleagar na hÉireann, aontaíonn siad go mbeidh ráta ard fáis i ngeilleagar na hÉireann go fóill.**

Táthar ag tuar go dtiocfaidh fás 6% ar gheilleagar na hÉireann i mbliana, an ráta is tapúla in AE - dar le Coimisiún AE.
Tá sé á thuar ag an mBanc Ceannais go bhfásfaidh geilleagar na hÉireann gar do 5% in 2016, i gcomparáid le 6.6 % in 2015, agus iad ag rá go bhfuil na comharthaí ann go mbeidh borradh sa gheilleagar intíre.
Táthar ag meas go leanfaidh an fíor-OTI ag fás agus meastar go mbeidh fás 4.3% i gceist in 2016 agus 3.5% in 2017. (Réamhaisnéisí na Roinne Airgeadais)
Tháinig fás 7% ar gheilleagar na hÉireann sa tríú ráithe de 2015 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2014. (*The Irish Times*).
Ba é an tomhaltas pearsanta a spreag an méid sin den chuid ba mhó - tháinig fás 3% ar an éileamh intíre iomlán.

**Leibhéal praghsanna**

**0% Bealtaine 2016 / + 0.5% bliain ar bhliain**

**Bhí boilsciú praghsanna ar fud an gheilleagair íseal in 2015 / 2016.**

Tháinig méadú 0.5% bliain ar bhliain ar phraghsanna tomhaltóirí in Éirinn i mí Bealtaine 2016
Ba cheart go gcuideodh an leibhéal íseal méaduithe ar phraghsanna atá i réim go fóill chun tomhaltas a spreagadh, agus d'fhéadfaí tuilleadh post a chruthú dá bharr sin, rud a chuideoidh le cúrsaí airgid an rialtais.

**Dífhostaíocht**

**7.9% - Aibreán 2016**

**Leanann leibhéil dífhostaíochta ag titim in Éirinn agus iad faoi bhun na leibhéal is ísle ó thráth na géarchéime airgeadais.**

Thit ráta dífhostaíochta na tíre faoi 8% in Aibreán 2016 den chéad uair ó 2008.
Tháinig titim 15.7% (nó 33,000) ar líon na ndaoine a bhí dífhostaithe sa bhliain go dtí an chéad ráithe, rud a thug líon na ndaoine dífhostaithe go dtí 179,500. Is é sin an 15ú ráithe as a chéile ina bhfuil titim ar leibhéil dífhostaíochta.
Tháinig méadú 46,900 ar líon iomlán na ndaoine atá ag obair sa bhliain go dtí an chéad ráithe de 2016, rud a thug an líon iomlán daoine fostaithe go dtí 1,976,500.

**Rátaí úis**

**0%**

**Tá na rátaí úis fágtha mar an gcéanna ag lucht déanta beartas airgeadaíochta limistéar an euro (ECB), ag an leibhéal is ísle riamh.**

Is é an imní faoin titim ar phraghsanna ola an phríomhchúis a bhí leis an mbeartas sin, mar aon leis an tús corrach go leor a bhí leis an mbliain sna margaí airgeadais. Tá imní ann maidir leis an tionchar a bheadh ag ardú rátaí úis ar bhoilsciú i limistéar an euro agus ar an téarnamh.

**4x5 mharc**

**2 mharc (figiúir neasach) + 3 mharc (treocht 1 mharc + trácht ar an treocht 2 mharc)**

**(b)** "*Ní bheidh d'easnamh i mbuiséad an rialtais an bhliain seo chugainn ach 1% den OTI, agus titfidh an fiachas comhlán go dtí 89% den OTI faoi dheireadh na bliana 2016.*"

(**Foinse**: *Irish Examiner,* Samhain 2015)

(i) Déan plé ar an dóigh ar éirigh le Rialtas na hÉireann laghduithe a dhéanamh ar an easnamh sa bhuiséad **agus** sa bhfiachas comhlán le blianta beaga anuas.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na costais ar shochaí na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le cur i gcrích na laghduithe seo. [35]

(i) Déan plé ar an dóigh ar éirigh le Rialtas na hÉireann laghduithe a dhéanamh ar an easnamh sa bhuiséad **agus** sa bhfiachas comhlán le blianta beaga anuas.

**Easnamh sa Bhuiséad**

**Cánachas: cánacha nua / méaduithe cánach**

Tá méadú feicthe againn ar roinnt cánacha i mbuiséid le déanaí anuas e.g. CCÚT (DIRT), cáin ar alcól d'fhonn ioncam a chur ar fáil chun fónamh d'fhiachas. I mbuiséid le déanaí anuas tugadh isteach an MSU – muirear a thugann €4 billiún isteach in aghaidh na bliana.

Tugadh isteach freisin an muirear teaghlaigh agus tá an cháin mhaoine tagtha ina áit sin anois. Tugadh táillí uisce isteach le gairid anuas freisin.

**Laghdú ar chaiteachas**

Laghdaigh an rialtas caiteachas ar sheirbhísí reatha (cé is moite de shláinte agus leas sóisialach). Laghdaíodh an bille pá san earnáil phoiblí trí chosc ar earcaíocht agus trí chiorruithe pá.

**An Fiachas Comhlán**

**Laghdú ar chaiteachas caipitiúil**

Laghdaíodh an caiteachas caipitiúil go mór le blianta beaga anuas e.g. an mhoill i dtaobh soláthar leathanbhanda ardluais. Cé gur chabhraigh sé sin chun ár bhfiachas comhlán a laghdú, d'fhéadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith aige do thodhchaí an gheilleagair: go háirithe an tionchar a bheidh aige ar infheistíocht agus ar chruthú post.

**Fiachas a athstruchtúrú**

D'éirigh le GBCN téarmaí agus coinníollacha ár n-aisíocaíochtaí fiachais a athrú agus dá bharr sin laghdaíodh ár bhfiachas comhlán. Leis an laghdú ar rátaí úis idirnáisiúnta bhíomar in ann iasachtaí níos saoire a fháil in ionad na n-iasachtaí a bhí againn. Laghdaíonn sé sin ár bhfiachas comhlán.

**3 phointe × 7 marc (3+4)**

**(Níor mhór pointe amháin ar a laghad a bheith faoi gach ceannteideal.)**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na costais ar shochaí na hÉireann a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le cur i gcrích na laghduithe seo.

**Caighdeán maireachtála níos ísle**
Mar gheall ar an ualach níos mó a bhíonn ar na cáiníocóirí ní bhíonn an oiread ioncaim indiúscartha acu agus bíonn caighdeán maireachtála níos ísle/ neamhionannas níos mó laistigh den tsochaí.

**Meath ar sheirbhísí an stáit**
Méadú ar easpa dídine toisc níos lú airgid a bheith á chaitheamh ar thithíocht shóisialta nó ar fhorlíonadh cíosa. Plódú in ospidéil, scoileanna, bóithre etc. Easpa infheistíochta san infreastruchtúr, sa tithíocht, etc.

**Fás geilleagrach / cruthú post/ ciorruithe i bhfostaíocht san earnáil phoiblí**
Bíonn toradh iarmhartach ag an laghdú ar chaiteachas sa gheilleagar ar infheistíocht, cruthú post agus ar airgead an rialtais. Ardaíonn an dífhostaíocht mar gheall ar éileamh a bheith ag titim.
Mar gheall ar easpa infheistíochta san oideachas ionas go mbeidh na scileanna is gá ann chun freastal ar an gcineál oibre atá ag athrú, cuirtear srian ar fhás geilleagrach agus d'fhéadfadh easnaimh a bheith sa lucht saothair.

**Féichiúnas méadaithe**
Bhí ioncam diúscartha níos ísle ann mar gheall ar an ualach cánach níos mó. Chun teacht slán as b'éigean do roinnt daoine a bheith ag brath ar iasachtaí agus tá an méid fiachais atá ag daoine méadaithe dá bharr. Tá roinnt daoine i riaráistí lena gcuid morgáistí agus d'fhéadfaidís a bheith i gcothromas diúltach i leith a gcuid tithe.

**2 phointe × 7 marc (3+4)**

**(C)** Tá méadú leanúnach ar an gcuid de dhaonra na hÉireann atá ag cur fúthu i limistéir uirbeacha. Tabhair breac-chuntas ar iarmhairtí eacnamaíochta (dearfacha agus diúltacha) na forbartha seo d'Éirinn.

Tá said seo ar na freagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: [20]

| Iarmhairtí eacnamaíochta dearfacha | Iarmhairtí eacnamaíochta diúltacha |
|---|---|
| **Caighdeán maireachtála níos fearr**<br>Bíonn deiseanna ag saoránaigh i gcathracha nach mbíonn ar fáil dóibh i gceantair thuaithe, e.g. fáil ar phoist, ar iompar poiblí éifeachtúil, beidh na hioncaim níos airde etc. | **Cáilíocht na beatha/brú ar an mbonneagar**<br>D'fhéadfadh torann, coiriúlacht, truailliú níos measa etc. cur isteach ar shaoránaigh. Ar an dóigh chéanna d'fhéadfadh plódú tráchta nach beag a bheith ann – a bheith ina mbunús le meath ar cháilíocht na beatha again. |
| **Rochtain níos éasca ar sheirbhísí /Costas níos ísle ar sheirbhísí**<br>Áit a bhfuil níos mó daoine ina gcónaí, ba cheart go mbeadh costas níos ísle ar sheirbhísí (stáit) a sholáthar. Is féidir speisialú a dhéanamh. | **Tithíocht: costais / infhaighteacht**<br>Tá easpa tithíochta oiriúnaí i roinnt limistéar uirbeach agus/nó cuireann costas na tithíochta cosc ar dhaoine dul isteach sna cathracha. |
| **Níos éasca infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) a mhealladh**<br>Nuair a bhíonn lucht saothair mór oilte ar fáil, bíonn bonneagar dea-bhunaithe lena n-áirítear leathanbhanda sna réigiúin uirbeacha níos tarraingtí le haghaidh infheistíocht dhíreach eachtrach. | **Soláthar seirbhísí**<br>Mar gheall ar éileamh ard d'fhéadfadh scoileanna a bheith gann; b'fhéidir nach leor an soláthar iompair phoiblí. D'fhéadfaí an infheistíocht a chruinniú i limistéir faoi leith agus limistéir thuaithe siar leis e.g. cailltear roinnt seirbhísí ospidéil i gceantair thuaithe. |
| **Níos tarraingtí i gcás fiontraithe**<br>Nuair a bhíonn daonra mór in áit ciallaíonn sé sin go bhfuil an margadh ann le haghaidh earraí agus seirbhísí agus d'fhéadfadh sé sin tuilleadh fiontraithe a spreagadh chun gnóthais a bhunú. | **Baol go mbeidh uisce gann amach anseo**<br>Tá sé tuartha go mbeidh easpa soláthair uisce i mórcheantar Bhaile Átha Cliath sna blianta seo amach romhainn. |
| **Úsáid níos fearr as acmhainní atá gann**<br>Toisc go bhféadfadh sé a bheith níos saoire seirbhísí a sholáthar ní chuirtear amú an oiread acmhainní atá gann e.g. is féidir le líon níos mó daoine iompar poiblí a úsáid agus cuidíonn sé sin chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú. | **An chiall don 'mhuintearas' caillte**<br>D'fhéadfadh sé nach mbraithfeadh daoine aon chiall don mhuintearas i sochaí uirbeach, rud atá le brath i gceantair thuaithe. D'fhéadfadh sé sin brú agus fadhbanna meabhairshláinte a chruthú agus chuirfeadh sé brú ar an stát caiteachas a dhéanamh sna réimsí sin. |
| **4 × 5 mharc (2+3)**<br>**(Níor mhór pointe amháin ar a laghad a bheith faoi gach ceannteideal.)** | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán